

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13300/26

COPEN 337
JAI 1163
FREMP 291

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 497 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE ar chur chun feidhme Mholadh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 497 final.

Faoi iamh: COM(2026) 497 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.9.2026
COM(2026) 497 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**ar chur chun feidhme Mholadh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir
le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir
coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha**

Réamhrá

An 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún Moladh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha ⁽¹⁾ (dá ngairtear an ‘Moladh maidir le Coinneáil’ anseo feasta). Is é an Moladh maidir le Coinneáil an chéad ghníomh ón Aontas lena gcuimsítear caighdeáin maidir le coinneáil réamhthrialach agus dálaí coinneála ábhartha.

Foráiltear le mír 87 den Mholadh maidir le Coinneáil gur cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoin obair leantach a dhéanann siad maidir leis an Moladh sin laistigh de 18 mí tar éis a ghlactha. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart don Choimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a dhéanann na Ballstáit agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 24 mhí ó glacadh an Moladh.

Cuirtear i dtábhacht sa Mholadh maidir le Coinneáil nach mór coinneáil réamhthrialach a bheith ina rogha dheiridh i gcónaí, nach gcuirfeadh i bhfeidhm í ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá léi agus i gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach oiriúnach ar fáil. San am céanna, ní mór íoschaighdeáin a chomhlíonadh leis na coinníollacha coinneála chun dínit an duine a chosaint agus chun comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a áirithiú. Ní hamháin go bhfuil na prionsabail sin fíor-riachtanach iontu féin ach is bunús iad freisin don mhuinín fhrithpháirteach, rud atá fíor-riachtanach le haghaidh an chomhair bhreithiúnaigh rianúil laistigh den Aontas.

Bunaítear le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine nach mór coinneáil réamhthrialach a mheas mar bheart eisceachtúil, agus gur cheart an oiread úsáide is féidir a bhaint as maoirseacht bhreithiúnach. Déanann tréimhsí rófhada coinneála réamhthrialacha dochar don duine, agus is féidir go mbaintear an bonn den mhuinín fhrithpháirteach i mBallstát ar leith nuair a bhíonn an choinneáil réamhthrialach rófhada.

D’fhéadfadh Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach (ESO) coinneáil réamhthrialach a laghdú san Aontas, ach tá a chur i bhfeidhm ag na Ballstáit anteoranta fós.

Thairis sin, i gcás ina dtiteann dálaí coinneála ábhartha faoi bhun na gcaighdeán comhaontaithe, braithear na héifeachtaí lasmuigh den chás sin amháin. Is cúiseanna móra inné iad drochstaid chóiríochta, plódú, easpa rochtana ar chúram sláinte agus bearta coimirce neamhleordhóthanacha do ghrúpaí leochaileacha faoin gCairt um Chearta Bunúsacha agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Déanann na heasainmh sin difear díreach d’fheidhmiú an Bharántais Gabhála Eorpaigh, ós rud é go mbíonn iallach ar údarais bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha gan duine iarrtha a thabhairt suas má tá fíorbhaol ann go dtabharfar íde mídháonna nó táireach dóibh. Le blianta beaga anuas, tá níos mó grinnscrúdaithe déanta ag cúirteanna ar dhálaí coinneála sa Bhallstát

⁽¹⁾ Moladh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha, C/2022/8987, (IO L 86, 24.3.2023, lch. 44).

eisiúna, rud a fhágann go mbíonn moilleanna, ceanglais bhreise fianaise agus, i gcásanna áirithe, diúltú Barántais Gabhála Eorpacha a fhorghníomhú.

Léirítear le staitisticí atá ar fáil maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach ⁽²⁾ gur dhiúltaigh nó gur mhoilligh na Ballstáit forghníomhú, ó 2016 i leith, i mbeagnach 586 chás, ar fhorais a bhaineann le fíorbhaol go sárófar cearta bunúsacha agus le dálaí coinneála ábhartha neamhleora.

Tháinig cleachtas chun cinn freisin maidir le dearbhuithe a lorg ó na húdaráis bhreithiúnacha iarrthacha.

Léirítear leis an méid sin an ról lárnach atá ag caighdeáin choinneála maidir le muinín fhrithpháirteach a choinneáil ar bun ⁽³⁾. Braitheann prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar an toimhde go n-áiritheoidh na Ballstáit uile leibhéal coibhéiseach agus iomchuí cosanta do na cearta. Nuair a dhéantar an toimhde sin a lagú le fianaise ar easnaimh shistéamacha sa choinneáil, cuirtear éifeachtúlacht agus inchreidteacht an tsásra Barántais Gabhála Eorpaigh i mbaoil. Laghdaítear leis sin muinín i measc na n-údarás breithiúnach, déantar difear don chomhar i gcásanna coiriúla trasteorann agus cuirtear ualach breise ar chúirteanna measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh ar bhonn cás ar chás.

I ndáil leis an méid sin, bhí scoilt i dtuairim na rannpháirtithe i gcrúinnithe 2025 an Fhóiraim Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Cheartais Choiriúil a bhaineann le rialacha féideartha san Aontas maidir le coinneáil réamhthrialach agus dálaí coinneála ábhartha. Chuir grúpa amháin i bhfios go láidir gur cheart caitheamh le hábhair choinneála ar bhonn náisiúnta, ós rud é go dtagann siad faoi neamhspleáchas náisiúnta nós imeachta, agus d'iarr an grúpa eile go ngníomhófaí ar leibhéal an Aontais chun caighdeáin cheangailteacha chosanta a tharraingt suas. Chuir an chéad ghrúpa in iúl go mbeidís sásta le bearta breise dlí bhoig, amhail maoiniú tionscadal, agus leag siad béim ar an ngá atá le díriú ar an Moladh maidir le Coinneáil a chur chun feidhme. Leag an dara grúpa béim ar fhianaise láidir maidir le heasnaimh i gcaighdeáin choinneála na mBallstát agus neamh-leordhóthanacht na sásraí coisctheacha atá ann cheana ar leibhéal Chomhairle na hEorpa.

⁽²⁾ https://commission.europa.eu/publications/replies-questionnaire-quantitative-information-practical-operation-european-arrest-warrant_en.

⁽³⁾ Léiríodh i mbreithiúnais CBAE i gCásanna Aranyosi agus Căldăraru (Cásanna Uamtha C-404/15 agus C-659/15 PPU), ML (C-220/18 PPU), Dorobantu (C-128/18) agus Breian (C-318/24) conas mar a dhéanann dálaí ábhartha difear don mhuinín fhrithpháirteach sa chleachtas.

Modheolaíocht

Scrúdaítear sa tuarascáil cur chun feidhme seo conas mar a chuirtear caighdeán an Aontais maidir le cearta nós imeachta i ndáil le coinneáil réamhthrialach agus coinníollacha coinneála ábhartha i bhfeidhm sna 27 mBallstát. Féachann sé le forléargas comparáideach a thabhairt ar na creataí dlíthiúla agus ar na cleachtais dhlíthiúla atá ann cheana, agus príomhréimsí cóineasaithe agus éagsúlachta, agus bearnaí cur chun feidhme á gcur i dtábhacht.

Chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis an méid a dhéanfaidh siad i ndáil leis an Moladh laistigh de 24 mhí óna ghlacadh. Chun na críche sin, forbraíodh ceistneoirí in 2024 i gcomhar le foireann príosúin, breithiúna agus ionchúisitheoirí, chomh maith le hionadaithe ó Choiste Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).

A mhéid a bhaineann le dálaí coinneála ábhartha, dírtar sa cheistneoir den chuid is mó ar chur chun feidhme praiticiúil na gcaighdeán mar a leagtar síos iad sa Mholadh maidir le Coinneáil. Tá faisnéis maidir le cur chun feidhme reachtach na gcaighdeán sin le haghaidh dálaí coinneála ábhartha do gach Ballstát le fáil cheana féin i mBunachar Sonraí Coiriúlachta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha um Choinneáil Choiriúil, a forbraíodh de réir iarraidh an Choimisiúin agus a bhfuil rochtain ag an bpobal air ag <https://fra.europa.eu/en/databases/criminal-detention/>.

Is éard a rinneadh leis an gceistneoir freisin faisnéis a fháil faoin gcaoi ar chuir na Ballstáit cearta nós imeachta maidir le coinneáil réamhthrialach chun feidhme agus faoin gcaoi ar chuir siad coinneáil réamhthrialach i bhfeidhm sa chleachtas.

Cuireadh na ceistneoirí isteach trí EU Survey an 24 Iúil 2024. Fuair an Coimisiún freagraí uile na mBallstát faoi mhí an Mheithimh 2025.

Cé gur ghlac riaracháin phríosúin na mBallstát uile páirt ann, níor fhreagair gach ceann acu gach ceist sa cheistneoir. Ina theannta sin, tá difríochtaí móra idir na córais faisnéise a thacaíonn le bailiú sonraí. Coinníonn roinnt Ballstát bunachair sonraí láraithe ardleibhéil ar bun lena rianaítear leibhéil áitíochta, teagmhais, gaibhniú aonair, gearáin, soláthar foirne agus rannpháirtíocht sa chlár. Bíonn daoine eile ag brath ar thaifid a choinnítear ar bhonn díláraithe nó de láimh, rud a chuireann srian ar an gcumas sonraí a chomhiomlánú nó faireachán a dhéanamh ar threochtaí.

Nuair a rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis, chinn sé gur chuir roinnt Ballstát faisnéis neamhiomlán ar fáil, agus gur chuir Ballstáit eile sonraí an-mhionsonraithe ar fáil. Bhí éagsúlacht mhór idir méid agus cáilíocht na sonraí a soláthraíodh don Choimisiún ar fud na mBallstát. Tá an baol ann, dá bhrí sin, go rachfaí ar strae leis na conclúidí nó go dtabharfar léargas míthreorach ar staid na coinneála i mBallstáit ar leithligh.

Mar chéim amháin, dá bhrí sin, foilseoidh an Coimisiún an tuarascáil seo, ina dtabharfar forléargas ginearálta ar an scéal ar fud an Aontais maidir le cearta nós imeachta i ndáil le coinneáil réamhthrialach agus dálaí coinneála ábhartha.

Mar chéim eile, tá bileoga eolais de réir tíre á bhforbairt ag an gCoimisiún maidir le dálaí coinneála ábhartha i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa faoin tionscadal comhpháirteach

leanúnach idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa⁽⁴⁾. D'fhéadfadh na bileoga eolais a bheith ina n-uirlis inrochtana freisin lena dtugtar forléargas soiléir ar staid na coinneála i ngach Ballstát, agus i gcomhthéacs measúnuithe faoin mBarántas Gabhála Eorpach freisin.

Is é breisluach na tuarascála seo léargas a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear an Moladh maidir le Coinneáil i bhfeidhm ar fud an Aontais. Is é is aidhm don anailís meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht ar fud na mBallstát, chomh maith le bearnaí sistéamacha a shainaithint i gcás ina mbeadh gá le tuilleadh cóineasaithe. Ní hamháin go dtugtar tuairisc ar na heasnamh i gconclúid na tuarascála seo ach leagtar béim inti freisin ar shamplaí den dea-chleachtas.

⁽⁴⁾ <https://www.coe.int/en/web/implementation/european-npm-forum>.

CAIGHDEÁIN ÍOSTA DO CHEARTA NÓS IMEACHTA DAOINE ATÁ FAOI DHROCHAMHRAS AGUS DAOINE ATÁ CÚISITHE ATÁ FAOI RÉIR COINNEÁIL RÉAMHTHRIALACH

1. Coinneáil réamhthrialach mar rogha dheireanach agus roghanna eile ar choinneáil

(14) Níor cheart do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a fhorchur ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis agus mar rogha dheireanach, agus imthosca sonracha gach cáis ar leith á gcur san áireamh go cuí. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit bearta malartacha a chur i bhfeidhm nuair is féidir.

(15) Ba cheart do na Ballstáit toimhde a ghlacadh i bhfabhar a scaoilte. Ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar na húdaráis náisiúnta inniúla an dualgas cruthúnais a bheith orthu chun a léiriú gur gá coinneáil réamhthrialach a fhorchur.

(16) Chun go seachnófar úsáid mhíchui a bhaint as coinneáil réamhthrialach, ba cheart do na Ballstáit an raon is leithne is féidir de bhearta malartacha a chur ar fáil, amhail na bearta malartacha a luaitear i gCinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar chinntí maidir le bearta maoirseachta mar mhalairt ar choinneáil shealadach.

(17) D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna bearta den sórt sin: (a) gealltanais láithriú os comhair údarais bhreithiúnaigh de réir mar is gá agus nuair is gá, gan cur isteach ar chúrsa an cheartais agus gan gabháil d'iompar áirithe, lena n-áirítear an t-iompar a ghabhann do ghairm nó d'fhostaíocht áirithe; (b) ceanglais chun tuairisciú ar bhonn laethúil nó tréimhsiúil d'údarás breithiúnach, do na póilíní nó d'údarás eile; (c) ceanglais chun glacadh le maoirseacht ag gníomhaireacht arna ceapadh ag an údarás breithiúnach; (d) ceanglais chun a bheith faoi réir faireacháin leictreonaigh; (e) ceanglais chun cónaí ag seoladh sonraithe, fara nó d'éagmais coinníollacha maidir leis na huaireanta an chloig a bheidh le caitheamh ann; (f) ceanglais maidir le gan áiteanna sonraithe nó ceantair shonraithe a fhágáil nó dul isteach iontu gan údarás; (g) ceanglais gan casadh le daoine sonraithe gan údarú; (h) ceanglais maidir le pasanna nó páipéir aitheantais eile a thabhairt suas; agus (i) ceanglais chun ráthaíochtaí airgeadais nó foirmeacha eile ráthaíochtaí a sholáthar nó a urrú chun triail atá ar feitheamh a dhéanamh.

(18) Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal, i gcás ina socraítear urra airgeadais mar choinníoll lena scaoileadh, go bhfuil an méid sin comhréireach le hacmhainn an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe.

Ceadaítear an cailleadh saoirse roimh chiontú i bhformhór na gcreataí dlíthiúla, nuair is gá, nuair is comhréireach, agus nuair nach féidir beart nach bhfuil chomh cunórach céanna a úsáid in ionad coinneála. I roinnt Ballstát, leagtar amach an ceanglas sin go sainráite sa reachtaíocht agus i mBallstáit eile, cuirtear chun feidhme é trí chásdlí agus trí chleachtas breithiúnach comhsheasmhach. Fiú i gcás nach bhfuil an prionsabal códaithe go sainráite, cuireann

cúirteanna measúnuithe comhréireachta i bhfeidhm lena gcuirtear srian go héifeachtach ar an gcoinneáil do chásanna eisceachtúla. Ní shainordaíonn aon Bhallstát uathchoinneáil réamhthrialach le haghaidh aon chatagóir cionta nó ciontóirí líomhnaithe. I líon beag córas, d'fhéadfadh coireanna tromchúiseacha a bheith ina gcúiseanna toimhdí infhrisnéise i bhfabhar na coinneála, ach ní mór do bhreithiúna measúnú a chur i bhfeidhm fós atá in oiriúint don chás agus bunaithe ar riachtanas agus ar chomhréireacht.

I ngach Ballstát, bíonn na húdaráis bhreithiúnacha freagrach as orduithe coinneála a eisiúint agus ní mór dóibh cinneadh réasúnaithe a sholáthar ina sonraítear an fáth nach féidir le bearta malartacha na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach.

Soláthraíonn na Ballstáit uile roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach, cé nach ionann an struchtúr agus an infhaighteacht. Áirítear ar na bearta coitianta oibleagáidí maidir le tuairisciú do na húdaráis, srianta ar theagmháil nó ar ghluaiseacht, ceanglais chónaithe, toirmisc taistil, doiciméid taistil a thabhairt suas, ráthaíochtaí airgeadais, agus cineálacha éagsúla faireacháin leictreonaigh nó scaoileadh faoi mhaoirseacht. Cuireann roinnt córas liosta neamhiata de roghanna malartacha ar fáil lena gcuirtear ar a gcumas do na cúirteanna coinníollacha a chur in oiriúint d'imthosca pearsanta an duine atá cúisithe. Tá liostaí níos srianta ann i gcórais eile ach cuireann siad roghanna malartacha i bhfeidhm fós ar bhonn cás ar chás, go háirithe i gcás inar féidir riosca a mhaolú go leordhóthanach gan choinneáil.

Tá faireachán leictreonach ar fáil i bhformhór na mBallstát, cé go mbíonn a úsáid fós aimhréidh mar gheall ar theorainneacha teicniúla, srianta foirne nó ceanglais amhail tithíocht chobhsaí. Baineann cuid acu úsáid fhorleathan as an bhfaireachán leictreonach, agus ní bhaineann cuid eile acu ach amháin i gcomhthéacsanna iarchiontaithe nó go hannamh ar chor ar bith. Leantar de bhannaí a úsáid ar fud na mBallstát ach bíonn foirmeacha éagsúla in úsáid acu. I roinnt Ballstát, bíonn an bannaí mar ráthaíocht go príomha chun áirithiú go dtiocfaidh an duine chúisithe i láthair os comhair na cúirte nó go gcomhlíonfaidh sé na rialacha lena rialaítear an scaoileadh saor coinníollach, agus i mBallstáit eile feidhmíonn sé mar ghné lárnach den nós imeachta um scaoileadh saor agus tá sé neadaithe i gcosaintí bunreachtúla. Áirítear san éagsúlacht sin cé acu is gá nó nach gá do na cúirteanna bannaí a thairiscint as a stuaim féin, conas a chinneann cúirteanna an bhfuil an méid comhréireach le hacmhainní airgeadais an duine atá faoi dhrochamhras, agus cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an duine atá faoi dhrochamhras íoc de réir tráthchodanna. Is annamh a bhíonn go leor Ballstát ag brath ar bhannaí, agus ina ionad sin bíonn oibleagáidí tuairiscithe nó srianta gluaiseachta mar nós acu.

Tá difríochtaí idir na sásraí maoirseachta le haghaidh roghanna malartacha freisin. Tá ról lárnach ag seirbhísí promhaidh i roinnt mhaith Ballstát, lena gcuirtear faireachán, seiceálacha comhlíontachta agus tuarascálacha réamhbhreithe ar fáil a chuidíonn leis na cúirteanna coinníollacha iomchuí a chinneadh. Ní bhíonn córais eile ag brath ar thuarascálacha den sórt sin, ach amháin i gcásanna casta nó nuair a chuirtear faireachán leictreonach san áireamh. Áirítear ar na bacainní coitianta ar roghanna malartacha a chur i bhfeidhm ag an gcéim réamhthrialach tithíocht éagobhsaí, naisc theoranta shóisialta nó theaghlai, acmhainní neamh-leordhóthanach le haghaidh maoirseachta agus moilleanna riaracháin de bharr ganntanas foirne.

Is annamh a úsáidtear an tOrdú Maoirseachta Eorpach (Cinneadh Réime 2009/829/CGB), arb é is aidhm dó aitheantas trasteorann le haghaidh roghanna malartacha roimh an triail a éascú. Cé go bhfuil an ionstraim trasuite ag beagnach gach Ballstát, tá a cur i bhfeidhm praiticiúil fós teoranta mar gheall ar chastacht riaracháin, feasacht íseal i measc cleachtóirí agus imní maidir le hin-fhorfheidhmitheacht.

Go ginearálta, ní bhíonn daoine leochaileacha faoi réir córais dlí ar leithligh, ach ceanglaítear ar chúirteanna imthosca an duine aonair amhail míchumas, aois, toircheas, breoiteacht nó imeallú sóisialta a chur san áireamh agus rogha á déanamh acu idir coinneáil agus roghanna malartacha. Tá forálacha reachtacha sainráite ag roinnt Ballstát lena gcuirtear bearta neamhchoinneála chun cinn i gcásanna a bhaineann le daoine leochaileacha.

Treochtaí foriomlána

Tagann trí mhórphátrún chun cinn ar an iomlán i measc na mBallstát:

- córais ina bhfuil coimircí dlíthiúla láidre agus úsáid tráthrialta á baint as roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach agus struchtúir mhaoirseachta dhea-fhorbartha;
- córais ina bhfuil creataí dlíthiúla mionsonraithe ach cur chun feidhme neamhréireach mar gheall ar shrianta acmhainní nó teicniúla;
- córais inarb ann do roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach ach nach gcuirtear i bhfeidhm go minic iad, agus inar minic a bhaintear ró-úsáid as coinneáil réamhthrialach mar thoradh ar an lánrogha bhreithiúnach a eascraíonn as sin

Cumhdaíonn formhór na mBallstát prionsabal na coinneála mar rogha dheiridh sa reachtaíocht nó sa chásdlí agus déanann siad foráil maidir le roghanna malartacha amhail dualgais tuairiscithe, bannaí, faireachán leictreonach nó srianta gluaiseachta. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór ann maidir leis an spleáchas praiticiúil ar bhearta den sórt sin sa chéim réamhthrialach, rud a gcuireann teorainneacha teicniúla agus easpa muiníne nó acmhainní bac air i gcásanna áirithe. Tá úsáid an Ordaithe Maoirseachta Eorpaigh teoranta fós freisin. Cuireann roinnt Ballstát coinneáil éigeantach réamhthrialach i bhfeidhm fós maidir le cionta áirithe, cé gurb annamh a tharlaíonn sé sin.

2. Amhras réasúnach agus foras le haghaidh coinneáil réamhthrialach

(19) Níor cheart do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a fhorchur ach amháin ar bhonn amhras réasúnta, a bunaíodh trí mheasúnú cúramach cás ar chás, go bhfuil an cion atá i gceist déanta ag an duine atá faoi amhras, agus ba cheart dóibh na forais dhlíthiúla maidir le coinneáil réamhthrialach a theorannú go dtí: (a) baol éalaithe; (b) an baol go ndéanfar athchiontú; (c) an baol go gcuirfeadh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe isteach ar chúrsa na córa; nó (d) baol bagartha ar an ord poiblí.

(20) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cinneadh aon riosca bunaithe ar imthosca aonair an cháis, ach ba cheart aird ar leith a thabhairt don mhéid seo a leanas: (a) cineál agus tromchúis an chiona líomhnaithe; (b) an pionós is dóigh a thabhoífar i gcás ciontú; (c) aois, sláinte, carachtar, ciontuithe roimhe sin agus imthosca pearsanta agus sóisialta an duine atá faoi dhrochamhras, agus go háirithe a naisc leis an bpobal; agus (d) iompar an duine atá faoi dhrochamhras, go háirithe an chaoi ar chomhlíon siad aon oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith forchurtha orthu i gcúrsa imeachtaí coiriúla roimhe seo. I gcás nach náisiúnach de chuid an stáit ina dtoimhdítear go ndearnadh an cion an duine atá faoi amhras, nó nach bhfuil aon nasc eile aige nó aici leis, ní leor sin ann féin chun a mheas go bhfuil baol eitle ann.

(21) Moltar do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a fhorchur ar chionta a bhfuil pianbhreith íosta choimeáda 1 bhliain ag gabháil leo, agus ar na cionta sin amháin.

Is gá go gcomhlíonfar dhá ghné charnacha ar fud na mBallstát uile don choinneáil réamhthrialach, i.e. leibhéal amhraí leordhóthanach maidir le cion a bheith déanta, agus forais reachtúla shonracha lena léirítear go bhfuil gá le coinneáil. Cé go bhfuil téarmaíocht éagsúil ann ar fud na mBallstát - idir 'amhras réasúnach' agus 'tásca tromchúiseacha' nó 'cúis dhóchúil' - bíonn an bunchaighdeán fianaise comhchosúil. Dá bhrí sin, ní mór amhras a bheith bunaithe ar fhianaise oibiachtúil lena sáraítear an tuairimíocht amháin ach nach sroichtear an leibhéal cruthúnais is gá le haghaidh ciontú.

Suíonn an tairseach fianaise nach mór do chúirteanna a chur i bhfeidhm idir amhras simplí na bpóilíní agus an caighdeán is infheidhme ag an triail. Ní mór d'údaráis bhreithiúnacha a bheith sásta go bhfuil tásca coinceiteacha infhíoraithe ann lena nasctar an duine atá cúisithe leis an iompar coiriúil líomhnaithe. Glacann roinnt Ballstát barra fianaiseach sách ard, lena n-éilítear gnéithe soiléire fíorasacha; braitheann Ballstáit eile ar chiontú breithiúnach inmheánach atá i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. I gcórais áirithe, ní féidir coinneáil a ordú go dtí go dtugtar cúisimh fhoirmiúla, agus ceadaíonn córais eile coinneáil réamhthrialach ar feadh tréimhsí gearra i gcás ina bhfuil amhras ar tí a bheith curtha ar bhonn foirmiúil.

Tá éagsúlacht ann freisin in íostairseacha pionóis. Cuireann roinnt Ballstát srian ar choinneáil réamhthrialach do chionta atá inphionóis le pionóis os cionn leibhéal sainithe, agus ní fhorchuireann Ballstáit eile íosmhéid reachtúil ach cuireann siad prionsabail chomhréireachta i bhfeidhm go praiticiúil fós.

Tá na forais choinneála aitheanta an-chomhchuibhithe. Ceadaíonn gach córas coinneáil bunaithe ar riosca eitle, ar an riosca go gcuirfí isteach ar an imscrúdú agus ar an riosca go

ndéanfaí athchiontú. Áirítear ar chuid acu freisin bagairtí ar an ord poiblí nó ar an tsábháilteacht phoiblí. Déanann na cúirteanna measúnú ar an riosca trí mheastóireacht iomlánaíoch a dhéanamh ar imthosca pearsanta an duine atá cúisithe, lena n-áirítear cónaí, fostaíocht, naisc shóisialta, náisiúntacht, iompar roimhe sin agus tromchúis an chiona. Meastar go forleathan gur toisc ghéaraitheach é áit chónaithe sheasta a bheith in easnamh, cé go bhfuil difríocht idir na Ballstáit maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú ar chónaí trasteorann san Aontas, agus glacann cuid acu le naisc uile-Aontais mar rud lena maolaítear riosca faoi phrionsabail na muiníne frithpháirtí.

Déantar measúnuithe riosca ina n-aonar i ngach cás. Déanann breithiúna scrúdú ar thromchúis an chiona, an phianbhreith a d'fhéadfadh a bheith ann, naisc phobail an duine atá faoi dhrochamhras, a thaifead coiriúil agus a n-iompar le linn an imscrúdaithe. Go dtí seo, ní úsáideann aon cheann de na Ballstáit uirlisí uathoibrithe nó algartamacha i meastóireacht riosca; bíonn cinntí fós go hiomlán breithiúnach agus lánroghnach.

Is minic a bhíonn tionchar ag sláinte, aois agus míchumas ar mheasúnuithe an bhfuil gá le coinneáil réamhthrialach. Údaraíonn roinnt dlínsí scaoileadh saor nó coinneáil sa bhaile ar fhorais leighis nó dhaonnúla, agus cuireann dlínsí eile roghanna teiripeacha ar fáil cheana féin ag an gcéim réamhthrialach do dhaoine a bhfuil spleáchas ar shubstaintí nó riachtanais mheabhairshláinte acu. I mBallstáit eile, áfach, ní féidir é sin a dhéanamh i bhfianaise thoimhde na neamhchiontachta. D'fhéadfadh breithnithe leochaileachta údar a thabhairt le bearta nach bhfuil chomh cunórach céanna nó coinneáil a thoirmeasc go hiomlán i gcásanna áirithe.

Treochtaí foriomlána

Ar fud na mBallstát uile, braitheann cúirteanna ar mheascán de thairseacha fianaiseacha agus d'údair rioscabhunaithe chun a chinneadh an bhfuil údar le coinneáil réamhthrialach. Mar sin féin, sainítear an tairseach chun coinneáil réamhthrialach a fhorchur, mar shampla, 'amhras réasúnach' nó 'tásca tromchúiseacha maidir le ciontach', ar bhealach éagsúil ar fud na mBallstát. Tá discríd bhreithiúnach lárnach ar fud na mBallstát, agus ní bhraitheann aon chóras ar uirlisí uathoibrithe. Cuirtear breithnithe leochaileachta san áireamh i roinnt mhaith Ballstát.

3. Réasúnú i leith cinntí maidir le coinneáil réamhthrialach

(22) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach cinneadh a dhéanann údarás breithiúnach chun coinneáil réamhthrialach a fhorchur, chun coinneáil réamhthrialach den sórt sin a fhadú, nó chun bearta malartacha a fhorchur cuí-réasúnaithe agus go bhfuil bonn cirt leis agus go dtagraítear d'imthosca sonracha an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe lena dtugtar bonn cirt lena gcoinneáil. Ba cheart cóip den chinneadh a chur ar fáil don duine dá ndéantar difear, agus ba cheart a bheith sa chóip sin na cúiseanna a meastar nach bhfuil roghanna eile seachas coinneáil réamhthrialach.

Is coimirce lárnach í an réasúnaíocht bhreithiúnach lena n-áirithítear trédhearcacht, cothroime agus dlíthiúlacht agus coinneáil réamhthrialach á forchur agus á leanúint. Cuireann na Ballstáit uile de cheangal ar na cúirteanna cinntí réasúnaithe a eisiúint ina sonraítear na forais fhíorasacha

agus dhlíthiúla le haghaidh na coinneála, ina mínítear an fáth a bhfuil roghanna malartacha míchuí agus ina léirítear go bhfuil coimeád leanúnach riachtanach agus comhréireach i gcónaí.

Ní mór d'ordú coinneála an duine cúisithe a shainaithint, na cionta líomhnaithe a shonrú, na forálacha ábhartha a lua, forais na coinneála a leagan amach, agus an bunús fíorasach a thacaíonn le hamhras agus le riachtanas araon a leagan amach.

Leagann go leor Ballstát sprioc-amanna dochta síos chun cinntí i scríbhinn a eisiúint, ó sholáthar láithreach go soláthar laistigh de 24 nó 48 uair an chloig. Bíonn réasúnaíocht i scríbhinn fíor-riachtanach don achomharc, agus is iondúil go bhfágann go bhfágtar go bhfuil an t-ordú neamhbhailí mura soláthraítear í.

Tá coinne leis go soláthróidh na cúirteanna réasúnaíocht phearsantaithe seachas foclaíocht fhoirmleach nó chaighdeánaithe, cé go n-úsáidtear foclaíocht den sórt sin fós i roinnt Ballstát. Ní mór d'údaráis bhreithiúnacha scrúdú a dhéanamh ar imthosca pearsanta agus a léiriú cén fáth a bhfuil coinneáil fíor-riachtanach sa chás féin. Déantar measúnuithe comhréireachta, lena n-éilítear cothromaíocht fhollasach a bhaint amach idir leas an phobail agus saoirse phearsanta, a chur ar bhonn foirmiúil i roinnt Ballstát. Braitheann córais eile ar chásdlí chun oibleagáidí comhchosúla a fhorchur.

Ceanglaíonn na Ballstáit uile ar chúirteanna údar a thabhairt le roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach a dhiúltú sula n-ordaítear coinneáil. Áirítear ar na cúiseanna coitianta tromchúis an chiona, neamhchomhlíonadh coinníollacha roimh ré, easpa áit chónaithe chobhsaí, nó ardriosca go ndéanfar cion athuair. I mBallstáit nach bhfuil ceanglais fhoirmiúla acu, féadfaidh cúirteanna aghaidh a thabhairt go hintuigthe fós ar roghanna malartacha.

Ní mór cinntí a chur in iúl go pras don duine cúisithe, agus aistriúchán a chur ar fáil i gcás inar gá. Soláthraíonn roinnt Ballstát cinntí ó bhéal agus cóipeanna i scríbhinn ina dhiaidh sin; déanann Ballstáit eile doiciméid i scríbhinn a sholáthar láithreach bonn.

Treochtaí foriomlána

Cé go gceanglaíonn formhór na mBallstát ar bhreithiúna cinntí pearsantaithe réasúnaithe a chur ar fáil agus coinneáil réamhthrialach á hordú acu, is féidir leis an réasúnaíocht sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, agus bíonn roinnt Ballstát ag brath ar fhoclaíocht chaighdeánach nó ar theimpléid chaighdeánacha. Cuireann formhór na mBallstát teorainneacha ama dochta i bhfeidhm freisin maidir le cinntí i scríbhinn a eisiúint. Is ann don oibleagáid roghanna malartacha a mheas agus a dhiúltú sa chleachtas i ngach Ballstát, fiú i gcás nach bhfuil sé chomh foirmiúil céanna.

4. Athbhreithniú tréimhsiúil ar choinneáil réamhthrialach

(23) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh údarás breithiúnach athbhreithniú tréimhsiúil ar bhailíocht leanúnach na bhforas ar a gcoimeádtar duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe faoi choinneáil réamhthrialach. A luaithe nach ann a thuilleadh do na forais leis an duine a choinneáil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go scaoilfear saor an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe gan moill mhíchúí.

(24) Ba cheart do na Ballstáit a cheadú go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil ar chinntí coinneála réamhthrialach a thionscnamh arna iarraidh sin ag an gcosantóir nó, ex officio, ag an údarás breithiúnach.

(25) Ba cheart do na Ballstáit, i bprionsabal, an t-eatramh idir na hathbhreithnithe a theorannú d'uasmhéid 1 mhí amháin, ach amháin i gcásanna ina bhfuil sé de cheart ag an duine atá faoi amhras nó ag an duine atá cúisithe iarraidh ar scaoileadh a thiolacadh, tráth ar bith, agus cinneadh a fháil ar an iarraidh seo gan moill mhíchúí.

Is coimirce bhunúsach ar fud na mBallstát uile é athbhreithniú breithiúnach tráthrialta ar choinneáil réamhthrialach, lena n-áirithítear go mbeidh údar fós le cailleadh saoirse le linn na n-imeachtaí. Cuireann na Ballstáit uile sásraí ar fáil chun athmheasúnú a dhéanamh ar choinneáil, cé go bhfuil éagsúlacht mhór sa struchtúr, sa mhinicíocht agus sna mionsonraí nós imeachta. D'fhéadfadh athbhreithnithe tarlú ag eatraimh reachtúla sheasta, ag príomhcheimeanna nós imeachta, nó arna iarraidh sin don chosaint nó don ionchúiseamh.

Sna Ballstáit a bhfuil athbhreithnithe eatraimh sheasta acu, déanann cúirteanna athmheasúnú ar choinneáil gach cúpla seachtain nó mí. Áirithítear leis na hathbhreithnithe minice sceidealaithe sin go ndéanfaidh breithiúna meastóireacht i dtaobh an bhfuil feidhm fós ag na forais choinneála, an bhfuil bunús leordhóthanach fós leis an amhras agus an féidir roghanna malartacha a chur in ionad coinneáil réamhthrialach. Nasctar an t-athbhreithniú le céimeanna nós imeachta i.e córais eile, amhail céimeanna imscrúdaitheacha a chur i gcrích nó an cás a aistriú chuig cúirteanna trialach. Braitheann tríú grúpa go príomha ar athbhreithnithe arna dtionscnamh ag an gcosaint, cé go bhfuil sé d'údarás fós ag cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh ex officio ar choinneáil.

Is iondúil go gceadaítear don duine atá cúisithe agus don abhcóide cosanta páirt a ghlacadh i nósanna imeachta athbhreithnithe. Éilíonn go leor Ballstát éisteachtaí ó bhéal ina dtugtar an duine atá os comhair breithimh, agus ceadaíonn Ballstáit eile nósanna imeachta i scríbhinn le haghaidh gnáth-athbhreithnithe. Is coitianta go n-áirítear rannpháirtíocht an ionchúisimh in éisteachtaí ó bhéal agus go gceadaítear aighneachtaí cosanta, cur i láthair fianaise agus iarrataí ar scaoileadh. Is iondúil go gcuirtear ateangaireacht agus aistriúchán ar fáil nuair is gá.

I roinnt mhaith Ballstát, ní mór do bhreithiúna a dhéanann athmheasúnú ar choinneáil athscrúdú a dhéanamh ar an mbonn fianaiseach amhrais, ar ábharthacht agus neart na bhfachtóirí riosca, agus ar chomhréireacht na coinneála réamhthrialach leanúnaí i bhfianaise an ama atá caite. Ní mór go ginearálta do na cúirteanna a mheas maidir le forbairtí sa chás - amhail riosca laghdaithe eitilte, céimeanna imscrúdaitheacha a chur i gcrích, nó imthosca pearsanta feabhsaithe - an dtugann siad sin údar le bearta malartacha nach bhfuil chomh cunórach céanna a chur in ionad

coinneáil réamhthrialach. Éilíonn roinnt Ballstát go ndéanfaí anailís shainráite ar athruithe ar imthosca i ngach athbhreithniú.

Is cleachtas caighdeánach é cinntí athbhreithnithe a chur in iúl go tráthúil ar fud na mBallstát. Is iondúil go gcuirtear fógraí ar fáil i scríbhinn don chúisí, don abhcóide cosanta agus do na húdaráis ábhartha. I roinnt Ballstát, éascaítear tarchur tapa cinntí agus dátaí éisteachta le córais chumarsáide uathoibrithe nó láraithe.

De réir mar a mhéadaíonn fad na coinneála, éiríonn grinnscrúdú breithiúnach níos déine in go leor córas. D'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar chúirteanna níos airde athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil fhada, nó d'fhéadfadh nósanna imeachta maoirseachta speisialta a bheith infheidhme nuair a bheidh tréimhsí ama áirithe caite.

Treochtaí foriomlána

Tá gá le hathbhreithniú breithiúnach tráthrialta ar choinneáil réamhthrialach i bhformhór na mBallstát, ag eatrainmh sheasta go minic. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór ann maidir le huainiú, minicíocht agus críochnúlacht na n-athbhreithnithe sin. Is trí nós imeachta i scríbhinn a dhéantar athbhreithnithe i roinnt mhaith Ballstát.

5. Éisteacht an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe

(26) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-éistfear duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe go pearsanta nó trí ionadaí dlíthiúil trí éisteacht sáraíochta ó bhéal os comhair an údarais bhreithiúnaigh inniúil a dhéanann cinneadh maidir le coinneáil réamhthrialach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cinntí maidir le coinneáil réamhthrialach gan moill mhíchui.

(27) Ba cheart do na Ballstáit seasamh le ceart an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe chun trialach laistigh de thréimhse ama réasúnach. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcaitear mar ábhar práinne le cásanna inar forchuireadh coinneáil réamhthrialach agus le dícheall cuí.

Ráthaítear an ceart chun éisteacht a fháil roimh aon chinneadh lena bhforchuirtear nó lena gcuirtear síneadh le coinneáil réamhthrialach ar fud na mBallstát uile. Ceanglaíonn na Ballstáit uile go dtabharfaí daoine a bhfuil a saoirse bainte díobh os comhair údarás breithiúnach go pras agus go dtabharfaí an deis dóibh a dtuairimí a chur i láthair go pearsanta nó trí abhcóide cosanta.

Bíonn teorainneacha ama reachtúla diana ann go ginearálta chun daoine atá á gcoinneáil a thabhairt os comhair cúirte, idir 24 agus 48 n-uair an chloig de ghnáth. Ceadaíonn líon beag Ballstát tréimhsí suas le 72 nó 96 uair an chloig i gcásanna eisceachtúla, ach bíonn síntí den sórt sin teoranta mar sin féin. Ní mór éisteachtaí a chur ar bun go pras, agus is minic a scaoiltear an cúisí saor go huathoibríoch má sháraítear na spriocdhátaí reachtúla.

Ar fud na mBallstát, is éisteachtaí ó bhéal agus éisteachtaí sáraíochta iad éisteachtaí coinneála. Déantar iad le rannpháirtíocht an abhcóide cosanta agus, i gcás inarb iomchuí, le rannpháirtíocht

an ionchúisimh. Bíonn ionadaíocht chosanta éigeantach den chuid is mó, agus ní féidir leanúint ar aghaidh go dleathach le himeachtaí gan dlíodóir i láthair. Cosnaítear cumarsáid rúnda idir an cúisí agus a abhcóide cosanta mar chuid lárnach den phróiseas cothrom.

Ba cheart don chúisí a bheith i láthair go pearsanta ag an gcéad éisteacht choinneála. Féadfar éisteachtaí ina dhiaidh sin a dhéanamh ar bhonn físchomhdhála, cé go bhfuil éagsúlacht i ndlíthe na mBallstát maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gá le toiliú an chúisí chuige sin. Cuireann cuid acu toirmeasc ar rannpháirtíocht chianda le haghaidh éisteachtaí tosaigh chun a áirithiú gur féidir le breithiúna measúnú a dhéanamh ar an duine go díreach sula n-ordaítear coinneáil réamhthrialach.

Tá rochtain ar chásabhair fíor-riachtanach le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach. Tugann go leor córas rochtain láithreach ar fhianaise ábhartha a luaithe a iarrtar coinneáil réamhthrialach, agus forchuireann córais eile amlínte dochta maidir le nochtaidh roimh an éisteacht.

Déantar éisteachtaí a thaifeadadh go foirmiúil. Teastaíonn miontuairiscí i bhfoirm scríbhne i ngach Ballstát agus tá an taifeadadh closamhairc ag éirí níos coitianta. Bíonn éagsúlacht ann i bhfad na n-éisteachtaí, roinnt Ballstát a bhíonn éisteachtaí gearra spriocdhíríte acu nach maireann ach thart ar 15 nóiméad, cé go bhféadfadh éisteachtaí i gcásanna casta nó in imeachtaí ilphearsanra maireachtáil i bhfad níos faide, suas le roinnt uaireanta an chloig. Tugtar cinntí láithreach nó go gairid tar éis na héisteachta den chuid is mó.

Oibríonn roinnt Ballstát nósanna imeachta éisteachta a bhíonn an-struchtúrtha agus ar bhonn foirmiúil, le ceanglais dhlíthiúla mhionsonraithe maidir le huainiú, doiciméadacht agus cearta fianaiseacha. Tá cineálacha cur chuige níos solúbtha ag Ballstáit eile. Tá éagsúlacht mhór i measc cleachtas físchomhdhála, rud a léiríonn difríochtaí sa bhonneagar teicneolaíochta, sa chultúr dlíthiúil agus sna tuairimí maidir leis an ngá atá le láithreachas fhisiciúil an chúisí.

Treochtaí foriomlána

Cé go léirítear san anailís chomparáideach go n-áirithíonn na Ballstáit go ginearálta ceart éisteachta iad siúd atá faoi dhrochamhras sula ndéantar cinneadh maidir le coinneáil réamhthrialach, bíonn difríochtaí ann maidir le rochtain ar cháschomhaid agus cearta cumarsáide le habhcóide cosanta. Tá éagsúlacht mhór idir cleachtais físchomhdhála ar fud na mBallstát.

6. Leigheasanna éifeachtacha agus an ceart achomharc a dhéanamh

(28) Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go rachaidh daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe agus a bhfuil a saoirse bainte díobh i muinín imeachtaí os comhair cúirte atá inniúil ar dhlíthiúlacht a gcoinneála a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, go n-ordófar iad a scaoileadh.

(29) Ba cheart do na Ballstáit an ceart chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh den sórt sin a thabhairt do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe atá faoi réir cinnidh maidir le coinneáil réamhthrialach agus iad a chur ar an eolas faoin gceart sin nuair a dhéantar an cinneadh.

Is coimirce bhunúsach atá leabaithe i ngach córas náisiúnta é an cumas agóid a dhéanamh i gcoinne coinneáil réamhthrialach. Cuireann na Ballstáit roinnt bealaí ar fáil chun cur in aghaidh orduithe coinneála, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain éifeachtach ag daoine ar an gceartas.

Bíonn trí phríomhleigheas ar fáil go minic. Is gnáthachomharc é an chéad leigheas lena dtéitear i gcoinne an chinnidh lena bhforchuirtear nó lena gcoinnítear coinneáil réamhthrialach ar bun. Is iondúil go ndéanann cúirteanna níos airde athbhreithniú ar achomhairc den sórt sin agus go gcinntear iad laistigh de teorainneacha ama socraithe chun fadú míchuí ar choinneáil réamhthrialach a sheachaint. Is éard atá sa dara leigheas iarrataí ar scaoileadh saor nó bearta nach bhfuil chomh sriantach céanna a chur in ionad coinneáil réamhthrialach. De ghnáth, is féidir iad sin a chomhdú tráth ar bith le linn na n-imeachtaí. Baineann an tríú leigheas le *habeas corpus* - nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na coinneála - lena gceadaítear do dhaoine atá á gcoinneáil agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht na coinneála.

Ní mór daoine a chur ar an eolas faoina gcearta agóid a dhéanamh i gcoinne coinneála tráth a eisítear an cinneadh. Is minic a bhíonn faisnéis shainráite maidir le cearta achomhairc san áireamh i gcinntí i scríbhinn. Áirithítear le seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin go dtuigeann daoine cúisithe na leigheasanna atá ar fáil gan beann ar bhacainní teanga.

Ní gnách go gcuirtear forghníomhú orduithe coinneála réamhthrialach ar fionraí mar gheall ar achomhairc, ach ní mór do chúirteanna cinneadh a dhéanamh ina leith go gasta. Tá teorainneacha ama éagsúla ann i measc na mBallstát, ó chinntí laistigh de 24 uair an chloig go tréimhsí roinnt laethanta nó seachtainí, nó gan aon teorainneacha ama ar chor ar bith. Sna Ballstáit nach ann do spriocdháta reachtúil iontu, áfach, tugann cúirteanna tosaíocht d'achomhairc coinneála réamhthrialach chun cosc a chur ar choimeád gan údar maith.

Déanann cúirteanna athbhreithnithe meastóireacht ar dhlíthiúlacht agus ar chomhréireacht araon. Déanann siad measúnú an bhfuil forais an amhrais agus an riosca fós bailí agus an bhféadfaí rioscaí a mhaolú go leordhóthanach le roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach. Má théann an bunús le coinneáil réamhthrialach in éag, ní mór do chúirteanna a ordú go scaoilfear saor an duine atá faoi choinneáil. Tá dlús curtha ag roinnt Ballstát le nósanna imeachta athbhreithnithe bhreithiúnaigh (amhail *référé-liberté*), atá ceaptha go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna práinneacha.

Cé nach gcuireann ach líon beag Ballstát sásraí speisialaithe ar fáil do dhaoine leochaileacha atá á gcoinneáil, bíonn feidhm freisin ag nósanna imeachta ginearálta athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus achomhairc i gcásanna den sórt sin. Tá cúnamh dlíthiúil ar fáil go forleathan, agus is minic a bhíonn ionadaíocht éigeantach, lena ráthaítear rochtain éifeachtach ar leigheasanna.

Treochtaí foriomlána

Aithníonn na Ballstáit uile an ceart achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí maidir le coinneáil réamhthrialach, cé go bhfuil difríocht eatarthu maidir le sprioc-amanna agus cleachtais fógartha. Forchuireann cuid acu sprioc-amanna chomh gearr le 24 uair an chloig, rud atá ina ábhar inní maidir le rochtain éifeachtach ar leigheasanna.

7. Fad na coinneála réamhthrialach

(30) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh fad na coinneála réamhthrialach thar an bpionós a fhéadfar a fhorchur i leith an chiona lena mbaineann, agus nach mbeidh sé díreireach leis an bpionós sin.

(31) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil fad na coinneála réamhthrialach a fhorchuirtear ag teacht salach ar an gceart atá ag duine atá á choinneáil chun trialach laistigh de thréimhse réasúnta ama.

(32) Ba cheart do na Ballstáit na cásanna a bhaineann le duine atá faoi réir coinneáil réamhthrialach a mheas mar chásanna tosaíochta.

Rialaíonn córais de chuid na mBallstát fad incheadaithe na coinneála réamhthrialach trí theorainneacha reachtúla agus trí mheasúnuithe comhréireachta leanúnacha. Cé go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ann, áirithíonn na Ballstáit uile nach féidir le coinneáil réamhthrialach maireachtáil ar feadh thréimhse éiginnte agus nach mór deireadh a chur léi nuair nach bhfuil údar léi a thuilleadh nuair nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na forais coinneála réamhthrialáí.

Forchuireann roinnt Ballstát uasteorainneacha ama dochta maidir le coinneáil réamhthrialach, a bhíonn éagsúil ag brath ar chineál an chiona nó ar chéim an nós imeachta. D'fhéadfadh na teorainneacha sin a bheith idir cúpla mí i gcás mionchionta agus roinnt blianta i gcás coireanna fiorthromchúiseacha. Nuair a théann teorainneacha ama in éag, bíonn an scaoileadh sainordaitheach, cé go bhféadfaidh cúirteanna bearta malartacha neamhchoinneála a fhorchur chun comhlíonadh oibleagáidí nós imeachta a áirithiú.

Oibríonn Ballstáit eile samhlacha measctha, lena gcuirtear uasteorainneacha ama le discríd bhreithiúnach chun síneadh a chur le coinneáil i gcásanna casta. Is iondúil go mbíonn údarú cúirte ag teastáil le haghaidh sintí agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir grinnscrúdú ag cúirt níos airde.

Tá tríú grúpa Ballstát ann nach mbraitheann ar uasteorainneacha ama reachtúla seasta ach cuireann siad coinneáil réamhthrialach faoi réir athbhreithniú comhréireachta leanúnach ina ionad sin, lena gceanglaítear go leanfaidh coinneáil de bheith riachtanach agus réasúnach i bhfianaise na n-imthosca agus an ama atá caite.

Áirítear ar na sásraí chun sárúithe ar theorainneacha ama a chosc córais rianaithe leictreonacha, maoirseacht ionchúisimh agus foláirimh uathoibrithe lena dtugtar fógraí d'údaráis nuair a bhíonn sprioc-amanna ag druidim leo. Tá na córais sin beartaithe chun áirithiú nach rachaidh tréimhsí coinneála thar am.

Is minic gurb iad castacht na gcásanna, rannpháirtíocht roinnt cosantóirí, imscrúduithe trasteorann, spleáchas ar fhianaise ó shaineolaithe nó acmhainní breithiúnacha teoranta is cúis le moilleanna ar imeachtaí, ar féidir leo síneadh a chur le coinneáil. Aithníonn formhór na mBallstát gurb iad neamhéifeachtúlachtaí nós imeachta, seachas ró-úsáid a bhaint d'aon ghnó as coinneáil réamhthrialach, na príomhchúiseanna le coinneáil fhadaíthe.

Tá cúiteamh as coinneáil iomarcach nó neamhdhleathach ar fáil in go leor córas, cé go bhféadfadh incháilitheacht a bheith ag brath ar thoradh an cháis nó ar chritéir reachtacha

shonracha agus ar rialacha incháilitheachta éagsúla. I roinnt Ballstát, éilítear éigiontú le haghaidh an chúitimh, agus i mBallstáit eile, tá cúiteamh ar fáil fiú i gcás ina mbíonn ciontú mar thoradh ar imeachtaí i gcás nach raibh údar leis an gcoimeád réamhthrialach.

Treochtaí foriomlána

Tá teorainneacha ama uasta ann maidir le coinneáil réamhthrialach i bhformhór na mBallstát, ach tá éagsúlacht sna huastreimhsí ó chúpla lá go roinnt blianta. Fiú i gcás ina bhfuil teorainneacha ama ann, is minic a bhíonn coinneáil fhada ann mar thoradh ar mhoilleanna nós imeachta, castacht cásanna agus riaráiste breithiúnach.

8. An t-am a caitheadh i gcoinneáil réamhthrialach a bhaint den phianbhreith deiridh

(33) Ba cheart do na Ballstáit aon tréimhse choinneála réamhthrialach a asbhaint roimh chiontú, lena n-áirítear nuair a dhéantar í a fhorfheidhmiú trí bhearta malartacha, ó fhad aon phianbhreithe príosúnachta a ghearrtar ina dhiaidh sin.

Aithníonn na Ballstáit uile an prionsabal nach mór an t-am a chaitear faoi choinneáil réamhthrialach a bhaint d'aon phianbhreith choimeádta a fhorchuirtear tar éis ciontú. Leis an bprionsabal sin, cuirtear cosc ar phionós dubailte agus áirithítear go leanfaidh cailleadh iomlán na saoirse de bheith comhréireach agus go mbeidh údar dlíthiúil leis. Cé go mbíonn éagsúlacht ann i raon feidhme na hasbhainte, i mbearta sriantacha malartacha ar choinneáil a chur san áireamh agus sna sásraí ríofa, déantar an t-am a caitheadh cheana i gcoinneáil réamhthrialach a asbhaint go huathoibríoch go ginearálta.

I ngach Ballstát, asbhaintear coinneáil fhoirmiúil réamhthrialach ar bhonn laethúil. Is iondúil go gcuireann cúirteanna a ghearrann an phianbhreith an asbhaint i bhfeidhm go díreach, cé go bhfuil údarais forfheidhmithe freagrach i ndlínsí áirithe as an asbhaint a ríomh agus a chur i bhfeidhm a luaithe a bheidh an phianbhreith críochnaitheach. Déanann córais uathoibríthe i ndlínsí áirithe tréimhsí coinneála réamhthrialach a rianú go leictreonach chun cruinneas a chuíchóiriú agus earráidí a sheachaint. I gcórais eile, braitheann asbhaint ar fhíorú breithiúnach nó ar dhoiciméadacht riaracháin.

Leathnaíonn roinnt Ballstát an asbhaint chuig roghanna malartacha sriantacha ar choinneáil réamhthrialach amhail braighdeanas baile, faireachán leictreonach nó dianmhaoirseacht, agus caitear leo sin mar nithe atá comhchosúil go leor leis an gcoinneáil féin chun asbhaint a éileamh. Sna córais sin, féadfar bearta sriantacha a asbhaint go coibhéiseach nó go comhréireach ag brath ar mhéid an teorannaithe a fhorchuirtear. Cuireann dlínsí eile srian ar asbhaint go díreach do choimeád foirmiúil i saoráidí coinneála réamhthrialach, cé go bhféadfaidís roghanna malartacha sriantacha a mheas mar thosca maolaitheacha le linn pianbhreith a ghearradh fiú mura laghdaíonn siad an phianbhreith go foirmiúil.

Tá foirmlí comhshó ann i roinnt Ballstát chun cineálacha éagsúla díthe nó srianta saoirse a aistriú ina laethanta coimeádta coibhéiseacha. Féadfaidh na foirmlí sin tréimhsí braighdeanais tí, seirbhíse pobail, fineálacha nó oibleagáidí tuairiscithe a thiontú ina gcoibhéisí coimeádta

chun críocha asbhainte. I gcórais eile, cuireann cúirteanna cásdlí i bhfeidhm chun asbhaint chomhréireach a chinneadh bunaithe ar chineál na srianta.

Is annamh a bhíonn díospóidí ann maidir le hasbhaint toisc go sonraítear na rialacha go soiléir agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad. Féadfar aghaidh a thabhairt ar chásanna lena mbaineann coinneáil fhorluiteach réamhthrialach in imeachtaí gaolmhara trí fhorálacha reachtacha lena seachnaítear creidmheas a dhúbailt. I gcás ina dtarlaíonn coinneáil réamhthrialach neamhdhleathach nó iomarcach, soláthraítear coimircí breise le sásraí cúitimh.

Treochtaí foriomlána

Is cleachtas caighdeánach é ar fud na mBallstát an t-am a chaitear i gcoinneáil réamhthrialach a asbhaint ón bpianbhreith choimeádta chríochnaitheach. Mar sin féin, níl aon chur chuige comhsheasmhach ann maidir le bearta malartacha a dhéanamh (e.g. braighdeanas baile nó faireachán leictreonach) agus pianbhreitheanna á ríomh. Ní dhéanann ach cúpla Ballstát an raon iomlán roghanna malartacha a asbhaint, agus déanann Ballstáit eile iad a eisiamh go hiomlán.

CAIGHDEÁIN ÍOSTA LE HAGHAIDH DÁLAÍ ÁBHARTHA COINNEÁLA

1. Cóiríocht

(34) Ba cheart do na Ballstáit íosmhéid d'achar dromchla 6 m^2 ar a laghad a shannadh do gach duine atá faoi choinneáil i gceillíní aonair agus 4 m^2 i gceillíní iláitithe. Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go bhfuil an dearbhsps pearsanta íosta atá ar fáil do gach duine atá á choinneáil, lena n-áirítear daoine atá á gcoinneáil i gceillín iláitithe, comhionann le 3 m^2 achar dromchla ar a laghad in aghaidh an duine atá á choinneáil. Má bhíonn an spás pearsanta atá ar fáil do dhuine atá á choinneáil faoi bhun 3 m^2 , tagann toimhde láidir chun cinn maidir le sárú ar Airteagal 3 de ECHR. Ba cheart an limistéar ina bhfuil troscán ach nach bhfuil áiseanna sláintíochta ann a áireamh i ríomh an spáis atá ar fáil.

(35) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú maidir le haon laghdú eisceachtúil ar an achar dromchla íosta iomlán in aghaidh an duine atá á choinneáil, mar atá 3 m^2 , go bhfuil an laghdú sin gearr, ócáideach, beag agus go bhfuil saoirse gluaiseachta leordhóthanach lasmuigh den chillín agus gníomhaíochtaí iomchuí lasmuigh den chillín ag gabháil leis. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcásanna den sórt sin, gur iomchuí na dálaí ginearálta coinneála ag an tsaoráid agus nach ann d'aon fhachtóirí géaraitheacha eile i ndálaí coinneála an duine lena mbaineann, amhail easnaimh sna híoscheanglais struchtúracha le haghaidh cillín nó saoráidí sláintíochta.

(36) Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go mbeidh rochtain ag daoine atá á gcoinneáil ar sholas nádúrtha agus ar aer úr ina gceillín.

Léiríonn caighdeáin chóiríochta i saoráidí coinneála meascán d'oibleagáidí dlíthiúla, cleachtas riaracháin agus srianta ábhartha amhail plódú. Cé go bhforchuireann formhór na mBallstát íoschaighdeáin éigeantacha maidir le spás maireachtála pearsanta, saoráidí sláintíochta, soilsiú, aeráil agus socrúithe codlata, tá éagsúlacht mhór sa chomhlíonadh mar gheall ar dhúshláin struchtúracha agus oibríochtúla.

Déanann líon mór Ballstát íoscheanglais spáis cheangailteacha (ina m^2) a ionchorprú trí reachtaíocht phríomha, rialacháin nó rialacha riaracháin. Braitheann cuid eile acu ar threoirlínte beartais nó ar chaighdeáin neamhcheangailteacha. Fiú i measc dlínsí a bhfuil caighdeáin éigeantacha acu, tá éagsúlacht shubstaintiúil san íosmhéid spáis phearsanta. Forordaítear i roinnt córas spás in aghaidh an duine atá á choinneáil atá ailínithe go maith leis na leibhéil a mholtar, agus leagann córais eile teorainneacha síos atá go mór faoi bhun na gcaighdeán a leagtar amach i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus sa Mholadh maidir le Coinneáil. Ceadáíonn roinnt dlínsí íosmhéideanna eisceachtúla de 2 m^2 de spás pearsanta in imthosca sainithe, amhail plódú sealadach nó socrúcháin ghearrthéarmacha. Ar fud na mBallstát, tá an spás pearsanta i gceillíní aonair idir 2 m^2 agus 12 m^2 , rud a léiríonn an éagsúlacht an-mhór i mbunchaighdeáin mhaireachtála na ndaoine atá á gcoinneáil san Aontas.

Ní hionann comhlíonadh na gcaighdeán sin. Tuairiscíonn roinnt Ballstát go bhfuil rochtain ag gach duine atá á choinneáil ar an spás íosta is gá ar a laghad agus nach bhfuil níos lú ná 4 m^2 de spás pearsanta ag aon duine atá á choinneáil. Tuairiscíonn daoine eile go bhfuil níos lú spáis phearsanta ná na tairseacha atá molta ag sciar beag de na daoine atá á gcoinneáil. Mar sin féin, i ndornán Ballstát ina bhfuil plódú forleathan, tá níos lú ná 4 m^2 de spás pearsanta ag céatadáin

mhóra (os cionn 50 %) de dhaoine atá á gcoinneáil. Déanann plódú sna córais sin difear freisin do roinnt saoráidí príosúin.

Ní úsáideann ach mionlach de na Ballstáit uirlisí bainistíochta áitíochta nua-aimseartha atá bunaithe ar TF chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus foláirimh a chur ar siúl nuair a sháraítear teorainneacha acmhainneachta. Bíonn an chuid is mó acu ag brath ar fhaireachán de láimh, ar thuairisciú tréimhsiúil nó ar chigireachtaí arna ndéanamh ag comhlachtaí formhaoirseachta.

Bíonn socruithe éagsúla codlata i gceist. Tuairiscíonn go leor córas nach gcodlaíonn daoine atá á gcoinneáil ar thochtanna urláir ná ar leapacha trí bhunc. I gcásanna den sórt sin, tugtar tuairisc orthu mar chásanna neamhchoitianta, sealadacha, nó teoranta do chillíní daingnithe sonracha. Tuairiscíonn líon beag dlínsí go bhfuil úsáid fhorleathan á baint acu as leapacha trí bhunc nó go bhfuil líon mór daoine atá á gcoinneáil ina gcodladh ar urláir mar gheall ar phlódú.

Tuairiscíonn formhór na mBallstát go bhfuil rochtain ag daoine atá á gcoinneáil ar sholas nádúrtha agus ar aer úr i gceillíní. Tá beartais caite tobac éagsúla ann, agus ceadaíonn go leor Ballstát caitheamh tobac i gceillíní aonair nó le toiliú na ndaoine uile atá á gcoinneáil i gceillíní iláitithe amháin, agus cuireann Ballstáit eile toirmeasc iomlán ar thobac a chaitheamh taobh istigh.

Tá éagsúlacht mhór idir leigheasanna ar chóiríocht neamhleor freisin. Cuireann roinnt Ballstát níos mó ama lasmuigh den chillín nó deiseanna aistrithe ar fáil, agus ceadaíonn Ballstáit eile athbhreithniú breithiúnach, nósanna imeachta gearáin nó laghduithe ar phianbhreitheanna. I gcórais ina bhfuil ceanglais ísle maidir le spás dlíthiúil nó eisceachtaí forleathana, is minic a bhíonn na leigheasanna teoranta.

Treochtaí foriomlána

Tá éagsúlacht mhór idir na caighdeáin chóiríochta ar fud na mBallstát. Cé go gcuireann go leor Ballstát dálaí leordhóthanacha spáis agus maireachtála ar fáil, tá saincheisteanna tromchúiseacha plódaithe príosúin roimh Bhallstáit eile, rud a dhéanann difear do chomhlíonadh na n-íostairseach agus a fhágann go gcodlaíonn roinnt daoine atá faoi choinneáil ar thochtanna ar feadh tréimhsí fada ama. Tá feabhas ag teacht ar chórais faireacháin ach tá siad fós neamhréireach.

2. Leithdháileadh

(37) Moltar do na Ballstáit agus, i gcás leanaí, ba cheart dóibh a áirithiú, a mhéid is féidir, go ndéanfaidh siad daoine atá á gcoinneáil a leithdháileadh ar shaoráidí coinneála atá gar dá mbaile nó ar áiteanna eile atá oiriúnach chun críche a n-athshlánú shóisialta.

(38) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcoimeádfar daoine a cuireadh faoi choinneáil roimh an triail ar leithligh ó dhaoine ciontaithe atá á choinneáil. Ba cheart mná a choinneáil ar leithligh ó fhir. Níor chóir leanaí a choinneáil le daoine fásta, ach amháin má mheastar go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh.

(39) Nuair a bhaineann leanbh atá á choinneáil 18 mbliana d'aois amach agus, i gcás inarb iomchuí, do dhaoine fásta óga faoi bhun 21 bhliain d'aois, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht leanúint den duine sin a choinneáil ar leithligh ó dhaoine fásta eile atá á gcoinneáil i gcás ina bhfuil údar leis sin, agus aird á tabhairt ar dhálaí an duine lena mbaineann agus ar choinníoll go bhfuil sé sin ag teacht le barrleas leanaí atá á gcoinneáil leis an duine sin.

Rialaítear le beartais leithdháilte an áit a bhfuil daoine atá á gcoinneáil ar bhonn geografach agus an chaoi a scartar laistigh de shaoráidí iad.

Ar fud na mBallstát, cuirtear san áireamh i gcinntí maidir le leithdháileadh naisc theaghlaigh na ndaoine atá á gcoinneáil agus a n-áiteanna cónaithe roimhe sin. Aithnítear go forleathan go bhfuil cóngarachacht don teaghlach tábhachtach chun caidrimh a choinneáil agus chun tacú le hathimeascadh. Mar sin féin, is minic a chuirtear srian ar leithdháileadh bunaithe ar shuíomh an teaghlaigh mar gheall ar an ngá a bhíonn ann daoine atá á gcoinneáil a mheaitseáil le leibhéal slándála, cláir chóireála iomchuí nó spásanna iomchuí atá ar fáil. D'fhéadfadh sé gur ghá lonnú lasmuigh de réigiúin bhaile mar gheall ar shaoráidí speisialaithe le haghaidh riachtanais leighis nó shíceolaíocha.

I bhformhór na gcóras, déantar daoine atá á gcoinneáil roimh thriail agus faoi phianbhreith a dheighilt óna chéile, cé go nglacann na grúpaí sin páirt i ngníomhaíochtaí comhchoiteanna i rith an lae i roinnt Ballstát. Mar sin féin, tacaítear tríd is tríd leis an toimhde i bhfabhar idirscartha chun toimhde na neamhchiontachta a chosaint.

Tá an deighilt de réir inscne beagnach uilíoch. Is iondúil go gcoinnítear mná i saoráidí ar leithligh nó in aonaid ar leith laistigh d'institiúidí measctha. Cuireann roinnt córas ar chumas na mban páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí measctha faoi mhaoirseacht, cé go ndeighltear an chóiríocht.

Cuirtear scaradh na mionaoiseach ó dhaoine fásta chun feidhme go forleathan. Is iondúil go gcuirtear leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois in institiúidí speisialaithe d'ógánaigh nó i mbardaí tiomnaithe. Tá éagsúlacht sna tairseacha aoise i roinnt Ballstát, agus leathnaíonn cuid acu socrúchán ar nós ógánach chuig daoine suas le 21 bhliain d'aois nó 24 bliana d'aois fiú faoi choinníollacha áirithe. Le líon beag córas, is féidir daoine fásta óga (18 go 21 bhliain d'aois) a lonnú de réir an cháis le leanaí nó, os a choinne sin, déagóirí níos sine a lonnú le daoine fásta nuair a mheastar gurb iomchuí sin.

Tá éagsúlacht níos leithne sna cleachtais maidir le tacaíocht a thabhairt d'aosaigh óga. Cuireann roinnt Ballstát aonaid speisialaithe nó cláir atá dírithe ar an óige ar fáil, agus déanann Ballstáit eile aosaigh óga a imeascadh i bpobal ginearálta an phríosúin le tacaíocht bhreise oideachais agus athshlánúcháin.

Treochtaí foriomlána

Léirítear spriocanna comhroinnte le cleachtais leithdháilte - daoine leochaileacha atá á gcoinneáil a chosaint, toimhde na neamhchiontachta i gcás daoine atá á gcoinneáil roimh an triail a chaomhnú agus athshlánú a chumasú - ach braitheann an cur chun feidhme ar dhearadh agus ar acmhainneacht na saoráide. Tugtar tús áite go comhsheasmhach do mhná agus do leanaí a chur faoi thithíocht ar leithligh, agus tá éagsúlacht ann maidir le haosaigh óg. Meastar go bhfuil cóngarachtaigh teaghlaigh tábhachtach ach nach bhfuil sí cinntitheach, toisc gur minic a bhíonn tosaíocht ag ceanglais oibríochtúla.

3. Dálaí sláinteachais agus sláintíochta

(40) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil saoráidí sláintíochta inrochtana i gcónaí agus go dtugann siad príobháideachas leordhóthanach do dhaoine atá á choinneáil, lena n-áirítear deighilt éifeachtach struchtúrach idir spásanna maireachtála i gcillíní iláitithe.

(41) Ba cheart do na Ballstáit bearta éifeachtacha a bhunú chun dea-chaighdeán sláinteachais a chothabháil trí dhíghalrú agus toirniú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear táirgí sláintíochta bunúsacha, lena n-áirítear pillíní sláintíochta, ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil agus go mbeidh uisce te agus uisce reatha ar fáil i gcillíní.

(42) Ba cheart do na Ballstáit éadach glan agus éadaí leapa glana iomchuí a chur ar fáil do dhaoine atá á choinneáil, agus ba cheart dóibh na modhanna a chur ar fáil chun na hearraí sin a choinneáil glan.

Tá dálaí sláinteachais agus sláintíochta fíor-riachtanach don dínit, don tsláinte agus do chos galar i saoráidí coinneála. Tuairiscíonn formhór na mBallstát go bhfuil rochtain i gcónaí ag daoine atá á gcoinneáil ar shaoráidí sláintíochta bunúsacha (leithris agus báisíní níos áine), laistigh de chillíní nó i limistéir chomhroinnte a bhfuil rochtain láithreach ag an bhfoireann orthu. Tá éagsúlacht mhór i méid agus cáilíocht an tsoláthair sláintíochta sa chill féin ar fud na mBallstát.

Soláthraíonn formhór na mBallstát leithreas agus báisín níos áine araon i mbeagnach gach cillín. Tuairiscíonn cuid acu cumhdach iomlán i ngach cillín, agus léiríonn cuid eile soláthar páirteach, go háirithe i saoráidí níos sine nó i gcillíní iláitithe. Cuireann córais áirithe na saoráidí sin ar fáil i níos lú ná 50 % de na cillíní uile, rud a fhágann gur gá do dhaoine atá á gcoinneáil brath ar limistéir sláintíochta chomhroinnte.

Braitheann príobháideachas le linn leithris a úsáid go mór ar cé acu a dheighltar nó nach ndighltar na leithris. Tuairiscíonn roinnt Ballstát deighilt uilíoch nó beagnach uilíoch, ach ní sholáthraíonn Ballstáit eile é sin ach i níos lú ná 50 % de chillíní. Tá sé comónta go háirithe i gcillíní iláitithe leithris a bheith iontu nach bhfuil deighilte, rud atá ina ábhar imní faoi dhínit agus faoi phríobháideachas.

Tuairiscíonn roinnt Ballstát inmhioluithe nó fadhbanna sláintíochta amhail músacán, feithidí, francaigh nó tobóga leapa, cé go dtuairiscítear iad i líon teoranta saoráidí de ghnáth. Tuairiscíonn roinnt Ballstát saincheistean níos forleithne a dhéanann difear do sciar mór

d'institiúidí. Áirítear ar na bearta coisctheacha rialú tráthrialta lotnaidí, feabhsuithe aerála agus athsholáthar nó cóireáil teasa tochtanna.

Bíonn uisce reatha ar fáil go ginearálta ar fud na mBallstát, cé go mbíonn an rochtain ar uisce te neamhréireach. Soláthraíonn roinnt Ballstát uisce te i ngach cillín; soláthraíonn Ballstáit eile é i níos mó ná 50 % de na cillíní. Tuairiscíonn grúpa níos lú uisce te teoranta sa chill féin nó gan aon uisce te inti, rud a éilíonn ar dhaoine atá á gcoinneáil cithfholcadh a dhéanamh i saoráidí comhroinnte de réir sceidil rialáilte.

Tá éagsúlacht i minicíocht cithfholcadán idir córais, ó rochtain laethúil go rochtain uair nó dhó sa tseachtain, agus cuireann cuid acu rochtain níos minice ar fáil do mhná.

Soláthraítear táirgí sláinteachais go forleathan amhail gallúnach, seampú agus earraí sláinteachais do mhná. Soláthraíonn formhór na mBallstát táirgí den sórt sin saor in aisce, cé go gceadaíonn cuid acu do dhaoine atá á gcoinneáil soláthairtí breise a cheannach.

Is gnách go gcuirtear éadaí agus éadaí leapa ar fáil saor in aisce do dhaoine atá á gcoinneáil, go háirithe ar theacht isteach dóibh. Bíonn socruithe níos ágsúil, agus is gnáthchleachtas é éadaí agus éadaí leapa a ní uair nó dhó sa tseachtain. Cuireann roinnt córas ar chumas daoine atá á gcoinneáil saoráidí níos ágsúil comhroinnte a úsáid le haghaidh níos ágsúil pearsanta.

Treochtaí foriomlána

Tá éagsúlacht mhór i gcaighdeán an tsláinteachais ar fud na mBallstát. Cé go soláthraíonn go leor Ballstát sláintíocht agus príobháideachas leordhóthanach laistigh den chillín, braitheann Ballstáit eile ar shaoráidí comhroinnte nó ní dhéanann siad leithris a dheighilt, go háirithe i gceillíní iláitithe. Tá éagsúlacht mhór sa rochtain ar uisce te agus minicíocht cithfholcadán, rud a léiríonn éagorthromaíochtaí bonneagair. Tá inmhíolú fós ina shaincheist i roinnt Ballstát.

4. Cothú

(43) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear bia ar fáil atá leordhóthanach ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de chun riachtanais chothaitheacha an duine atá á choinneáil a chomhlíonadh agus go ndéantar bia a ullmhú agus a riar faoi dhálaí sláinteachais. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a ráthú go bhfuil uisce glan óil ar fáil do dhaoine atá á choinneáil i gcónaí.

(44) Ba cheart do na Ballstáit aiste bia cothaitheach a chur ar fáil do dhaoine atá á choinneáil, ar aiste bia é ina gcuirfear san áireamh aois, míchumas, sláinte, riocht fisiceach, reiligiún, cultúr agus cineál a gcuid oibre.

Is cuid lárnach de shláinte agus d'fholláine na ndaoine atá á gcoinneáil é an cothú, agus aithníonn formhór na mBallstát an oibleagáid béilí a sholáthar atá cothrom agus leordhóthanach ó thaobh luach calrach de. Tá sé d'aidhm ag formhór na mBallstát trí bhéile a chur ar fáil in aghaidh an lae, ina mbeadh raonta calracha idir 2 200 agus 3 000 kcal in aghaidh an duine atá á choinneáil de ghnáth. Déanann cuid acu a gcaighdeán a ailíniú go sainráite le treoirlínte cothaithe náisiúnta nó déanann siad maoirseacht leighis a ionchorprú chun leordhóthanacht a áirithiú.

Tá éagsúlacht mhór sa chaiteachas laethúil ar bhia ar fud na mBallstát. Tuairiscíonn cuid acu leibhéil chaiteachais sách ard, rud a chumasaíonn aistí le héagsúlacht ó thaobh na mbianna de agus ina bhfuil éagsúlacht ó thaobh cothaithe de. Feidhmíonn Ballstáit eile ar bhuiséid atá i bhfad níos ísle, i gcásanna áirithe níos lú ná EUR 2 in aghaidh an duine atá á choinneáil in aghaidh an lae. Is ábhar imní iad na difríochtaí sin (idir níos lú ná EUR 2 agus níos mó ná EUR 10 in aghaidh an duine atá á choinneáil in aghaidh an lae) maidir le cé acu is féidir nó nach féidir cáilíocht agus éagsúlacht bia a choinneáil ar bun i gcórais le caiteachas íseal, cé go ndearbhaíonn gach dlínse go gcomhlíontar íoschaighdeáin chothaithe.

Soláthraíonn formhór na mBallstát oiriúnuithe cothaithe le haghaidh riochtaí sláinte, ailléirgí, riachtanais a bhaineann le haois, toircheas, cothú cíche agus riachtanais reiligiúnacha. Tá aistí bia veigeatóracha ann go forleathan, agus tá aistí bia veigeánacha ar fáil níos mó de réir a chéile. Cuireann Ballstáit áirithe béilí forlíontacha nó sceidil choigeartaithe ar fáil freisin do dhaoine atá á gcoinneáil atá i mbun oibre nó ghníomhaíochtaí atá dian ar an gcorp.

Tuairiscíonn siad go léir rochtain uilíoch ar uisce óil glan i gcónaí.

Treochtaí foriomlána

Ar fud na mBallstát, tá na caighdeáin maidir le hiontógáil chalrach agus éagsúlacht chothaithe comhsheasmhach den chuid is mó, ach tá éagsúlacht ghéar idir na buiséid bhia, idir faoi bhun EUR 2 agus níos mó ná EUR 10 in aghaidh an duine atá á choinneáil in aghaidh an lae. Féadann córais a bhfuil caiteachas níos airde acu bia úr agus éagsúil a sholáthar ar bhealach níos éasca, ach tá an baol ann go mbeidh córais ar chaiteachas íseal ag brath ar roghanna nach bhfuil chomh héagsúil céanna nó atá ar cháilíocht níos ísle d’ainneoin an comhlíonadh ar bhonn foirmiúil. Tá comhréitigh chothaithe do riachtanais reiligiúnacha agus leighis leabaithe go forleathan ar fud na mBallstát uile. Ráthaítear rochtain ar uisce óil glan i ngach Ballstát.

5. Am caite lasmuigh den chillín agus amuigh faoin aer

(45) Ba cheart do na Ballstáit ligean do dhaoine atá á choinneáil aclaíocht a dhéanamh faoin aer ar feadh 1 uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae agus ba cheart dóibh áiseanna agus trealamh fairsinge agus iomchuí a chur ar fáil chun na críche sin.

(46) Ba cheart do na Ballstáit a cheadú do dhaoine atá á choinneáil méid réasúnta ama a chaitheamh lasmuigh dá gcillíní chun dul i mbun oibre, oideachais agus gníomhaíochtaí áineasa de réir mar is gá le haghaidh leibhéil iomchuí idirghníomhaíochta daonna agus sóisialta. Chun cosc a chur ar shárú ar an toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó pionós atá mídhaoine nó táireach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil aon eisceacht ar riail sin i gcomhthéacs réimis agus bearta slándála speisialta, lena n-áirítear gaibhniú aonair, riachtanach agus comhréireach.

Tá an t-am a chaitear lasmuigh den chill ríthábhachtach d’fholláine fhisiciúil agus mheabhrach na ndaoine atá á gcoinneáil. Ráthaíonn na Ballstáit uile 1 uair an chloig amháin de ghníomhaíocht amuigh faoin aer ar a laghad gach lá le haghaidh daoine atá á gcoinneáil, ach amháin faoi dhálaí eisceachtúla amhail adhaimsir nó bearta slándála sonracha. Urramaítear an

caighdeán sin go forleathan agus léiríonn sé comhthuiscint ar an tábhacht a bhaineann le haclaíocht agus nochtadh d'aer úr.

Lasmuigh den uair éigeantach amuigh faoin aer, tá éagsúlacht mhór sa mheántréimhse laethúil lasmuigh den chillín. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag go leor Ballstát 3 uair an chloig ar a laghad a bhaint amach, is minic a bhíonn figiúirí iarbhir ag brath ar an gcóras coinneála, acmhainneacht foirne, aicmiú slándála agus infhaighteacht gníomhaíochtaí struchtúrtha. Ceadáíonn roinnt Ballstát, go háirithe iad siúd a bhfuil clársceidealú forleathan acu do dhaoine faoi choinneáil ar cuireadh pianbhreith orthu, i bhfad níos mó am lasmuigh den chillín. Is minic a chaitheann daoine atá á gcoinneáil roimh an triail, nach bhfuil oibleagáid orthu oibriú agus a bhféadfadh níos lú oibleagáidí cláir a bheith orthu, níos mó ama faoi ghlas ina gcillíní. Tuairiscíonn roinnt Ballstát go bhfuil meánuaireanta lasmuigh den chillín chomh híseal le huair amháin go 2 uair an chloig i gcás catagóirí áirithe daoine atá á gcoinneáil.

Áirítear ar na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil de ghnáth obair, gairmoiliúint, oideachas foirmiúil, cláir shíceolaíocha agus shóisialta, cóireáil andúile, comhairleoireacht fiachais, cúrsaí tuismitheoireachta agus tacaíocht ath-imeascha. Tá gníomhaíochtaí áineasa amhail an spórt, an ealaín, an ceol agus rochtain ar leabharlanna nó ar sheirbhísí reiligiúnacha coitianta freisin. Cuireann roinnt córas cláir ar fáil atá níos speisialaithe nó níos dírithe ar an gcultúr arna gcur ar siúl ag saorálaithe nó eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear ceardlanna cruthaitheacha, ciorcail phlé nó turais lae faoi mhaoirseacht do dhaoine incháilithe atá á gcoinneáil.

Tá réimis slándála speisialta ann i roinnt mhaith Ballstát, cé nach ionann sainmhíniú dóibh. Is minic a bhíonn faireachán méadaithe, gluaiseacht srianta nó bearta leithlisithe i gceist leis na córais sin, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leo cur i gcillíní atá daingnithe go speisialta, méadú ar chuardacháin, soilsiú leanúnach nó teorainneacha ar gníomhaíochtaí. De ghnáth, chun duine a chur faoi na córais sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar rioscaí amhail foréigean, féindochar, iarrachtaí éalaithe nó cleamhnachtaí dronganna. Tá gá le hathbhreithnithe tráthrialta chun a áirithiú nach sárófar a bhfuil riachtanach leis na bearta sin.

Tá teorainn leis an staidreamh atá ann maidir le gaibhniú aonair - a shainmhínítear mar leithlisiú ar feadh 22 uair an chloig nó níos mó gan teagmháil fhóinteach leis an duine. Is beag Ballstát a choinníonn córais faireacháin chuimsitheacha ar bun, rud a fhágann go bhfuil sé deacair comparáidí a dhéanamh. Tugann na sonraí atá ar fáil le fios gur ann don ghaibhniú aonair ach go ndéantar taifead neamhréireach air agus go bhfuil éagsúlacht mhór ann idir na hinstiúidí.

Treochtaí foriomlána

Tá an t-am lasmuigh den chill fós ar cheann de ghnéithe dálaí coinneála leis an éagsúlacht is mó. Comhlíonann na Ballstáit uile an bunriachtanas uair an chloig a chaitheamh amuigh faoin aer gach lá, ach ar an iomlán, tá difríochtaí móra idir an t-am lasmuigh den chillín mar gheall ar bhonneagar, soláthar foirne agus infhaighteacht de réir an chláir. Tá gníomhaíochtaí struchtúrtha forleathan ach is minic a thugtar tús áite iontu do dhaoine atá á gcoinneáil faoi phianbhreith in ionad daoine atá á gcoinneáil roimh an triail. Tá réimis slándála speisialta fós ann ar fud na mBallstát, agus is gnách coimircí a bheith ann le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Treocht chomhchosúil is ea an easpa sonraí láidre maidir le gaibhniú aonair, rud a chuireann dúshlán leanúnacha le fios maidir le trédhearcacht agus faireachán.

6. Obair agus oideachas na ndaoine atá á gcoinneáil chun a n-athimeascadh sóisialta a chur chun cinn

(47) Ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in athshlánú sóisialta na ndaoine atá á gcoinneáil, agus a riachtanais aonair á gcur san áireamh acu. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint le hobair de chineál úsáideach, a bhfuil luach saothair ag dul léi, a chur ar fáil. D'fhonn athimeascadh rathúil na ndaoine atá á choinneáil sa tsochaí agus i margadh an tsaothair a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt d'obair a bhaineann le gairmoiliúint.

(48) Chun cuidiú le daoine atá á gcoinneáil ullmhú dá scaoileadh agus chun a n-athimeascadh sa tsochaí a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine atá á choinneáil ar chlár oideachais atá sábháilte, cuimsitheach agus inrochtana (lena n-áirítear cianfhoghlaim) a fhreastalaíonn ar a riachtanais aonair agus a n-uailmhianta á gcur san áireamh an tráth céanna.

Aithnítear go forleathan gur uirlisí fíor-riachtanacha don athshlánú agus don ath-imeascadh iad an obair agus an t-oideachas. Soláthraíonn formhór na mBallstát gníomhaíochtaí struchtúrtha lena dtugtar deis do dhaoine atá á gcoinneáil scileanna a fháil, gnáthaimh laethúla a choinneáil ar bun agus inniúlachtaí a fhorbairt don saol iarscaoilte. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí móra sna rátaí rannpháirtíochta, in infhaighteacht de réir an chláir agus in úsáid na pleanála aonair.

Tacaíonn go leor Ballstát le daoine faoi choinneáil ar gearradh pianbhreith orthu trí phleananna aonair don fhorfheidhmiú nó don athshlánú. Sainaithnítear sna pleananna sin cuspóirí sonracha oideachais, gairme, síceolaíocha agus iompraíochta atá curtha in oiriúint do riachtanais an duine atá á choinneáil. Mar sin féin, ní chuireann gach córas pleananna forfheidhmithe aonair i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Ní chruthaíonn cuid acu pleananna forfheidhmiúcháin ach amháin dóibh siúd a bhfuil pianbhreitheanna níos faide á gcur isteach acu (bliain amháin ar a laghad) nó dóibh siúd a mheastar go bhfuil tacaíocht spriocdhírthe ag teastáil uathu. Coinníonn roinnt Ballstát pleanáil chuimsitheach ar bun do gach duine faoi choinneáil, gan beann ar fhad na pianbhreithe. Is annamh a fhaigheann daoine atá á gcoinneáil roimh an triail pleananna athshlánaithe iomlána ach d'fhéadfadh siad rochtain a fháil fós ar dheiseanna oideachais nó oibre nuair a cheadaítear sin le srianta slándála agus nós imeachta.

Tá éagsúlacht mhór ann maidir le rannpháirtíocht san obair. Tuairiscíonn roinnt Ballstát nach dtéann ach céatadán beag de dhaoine atá á gcoinneáil i mbun oibre, agus léiríonn Ballstáit eile rátaí rannpháirtíochta an-ard i measc daoine atá á gcoinneáil ar cuireadh pianbhreith orthu. Ní ghlacann daoine atá á gcoinneáil roimh an triail páirt chomh minic céanna mar gheall ar rialacha rannpháirtíochta deonaí, toimhde na neamhchiontachta agus bacainní praiticiúla a bhaineann le himscrúduithe leanúnacha.

I measc na ndeiseanna oideachais tá bunchláir litearthachta agus cianstaidéar ar leibhéal na hollscoile. Cuireann go leor córas ar chumas daoine atá á gcoinneáil leanúint den oideachas foirmiúil a tosaíodh sular cuireadh faoi choinneáil iad. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as ardáin chianfhoghlaime, go háirithe i gcórais ina bhfuil bonneagar láidir TFC, cé gur minic a dhéantar rochtain ar uirlisí digiteacha a rialú go docht.

Is iondúil go n-íoctar daoine atá á gcoinneáil as obair, cé go bhfuil éagsúlacht mhór sna leibhéil phá. Cuireann roinnt Ballstát dreasaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais ar fáil freisin chun cúrsaí oideachais a chur i gcrích nó chun páirt a ghlacadh i geláir chóireála.

Treochtaí foriomlána

Tá obair agus oideachas ar fáil go forleathan ach tá rochtain mhíchothrom orthu. Is iad na daoine atá á gcoinneáil faoi phianbhreith is mó a bhaineann tairbhe as cláir struchtúrtha agus as pleanáil aonair, agus bíonn deis níos lú ag daoine atá á gcoinneáil roimh an triail. Tá éagsúlacht mhór sna rátaí rannpháirtíochta ar fud na mBallstát, agus bíonn tionchar ag acmhainneacht saoráide, infhaighteacht saothair agus creataí dlíthiúla orthu. Tá an t-oideachas ag éirí níos solúbtha mar gheall ar roghanna cianfhoghla.

7. Cúram Sláinte

(49) Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go mbeidh rochtain go tráthúil ag na daoine atá á gcoinneáil ar an gcúnamh leighis, lena n-áirítear cúnamh síceolaíoch, a theastaíonn uathu chun a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach a choinneáil ar bun. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann cúram sláinte i saoráidí coinneála na caighdeán chéanna a sholáthraíonn an córas sláinte poiblí náisiúnta, lena n-áirítear maidir le cóireáil shíciatrach.

(50) Ba cheart do na Ballstáit maoirseacht leighis rialta a chur ar fáil agus ba cheart dóibh vacsaíniú agus cláir scagthástála sláinte a spreagadh, lena n-áirítear cláir theagmhálacha (VEID, heipitéas víreasach B agus C, eitinn agus galair gnéas-tarchurtha) agus galair neamh-theagmhálacha (go háirithe scagthástáil ailse), agus diagnóis ina dhiaidh sin agus cóireáil a thionscnamh nuair is gá. Is féidir le cláir oideachais sláinte rannchuidiú le rátaí scagthástála agus litearthacht sláinte a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar aird ar leith ar chóireáil le haghaidh daoine atá á gcoinneáil agus a bhfuil andúil i ndrugaí acu, ar ghalair thógálacha a chosc agus a chúram, ar mheabhairshláinte agus ar fhéinmharú a chosc.

(51) Ba cheart do na Ballstáit a cheangal go ndéanfaí scrúdú leighis gan moill mhíchui ag tús aon tréimhse ina gcailltear saoirse agus tar éis aon aistrithe.

Déanann na Ballstáit uile measúnuithe leighis ar theacht isteach do na daoine faoi choinneáil, cé go mbíonn éagsúlacht san uainiú ó scagthástáil láithreach laistigh de 24 uair an chloig ar theacht isteach dóibh go measúnuithe a dhéantar laistigh de roinnt laethanta (laistigh de 3-5 lá oibre de ghnáth).

Déanann formhór na mBallstát tástáil ar ghalair theagmhálacha amhail VEID, heipitéas, eitinn agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, in éineacht le scagthástálacha le haghaidh riochtaí neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear ailsí. I roinnt córas, díritear go príomha ar ghalair theagmhálacha, lena léirítear srianta acmhainní nó tosaíocht a thabhairt do rioscaí sláinte poiblí.

Tá samhlacha seachadta cúraim sláinte éagsúla ann. Braitheann roinnt Ballstát go mór ar bhaill foirne cúraim sláinte inmheánacha, lena n-áirítear cleachtóirí ginearálta, altraí, síceolaithe, síciatraithe agus fioclóirí. Úsáidtear i mBallstát eile samhlacha measctha ina bhfuil seirbhísí inmheánacha agus speisialtóirí seachtracha. Ní chuireann Ballstáit áirithe ach cúram leighis bunúsach inmheánach ar fáil, go háirithe iad siúd a bhfuil saoráidí níos sine nó níos lú acu, agus

braitheann siad go mór ar ospidéal sheachtracha nó ar chlinicí othar seachtrach le haghaidh seirbhísí speisialaithe chun cúram 24/7 a áirithiú.

Is ábhar imní fós é an féinmharú ar fud na mBallstát uile. Tá éagsúlacht mhór sna figiúirí tuairiscithe, agus dearbhuimhreacha arda ag roinnt dlínsí mar gheall ar dhaonraí móra atá faoi choinneáil, agus tuairiscíonn dlínsí eile rátaí níos airde i gcoibhneas le méid an daonra (idir 0,07 % agus 1,19 % de dhaonra an phríosúin). Coinníonn formhór na gcóras prótacail ar bun chun féinmharú a chosc, lena n-áirítear uirlisí tuairiscithe agus imscrúdaithe, fiosrúcháin agus prótacail neamhspleácha.

Tá cóireáil le haghaidh andúile ar fáil i ngach Ballstát. Áirítear ar na seirbhísí díthocsainiú faoi mhaoirseacht, cóireáil le cúnamh leighis, síciteiripe, seisiúin ghrúpa agus cláir athshlánaithe fhadtéarmacha. Is minic a bhíonn na hidirghabhálacha sin mar chuid de straitéisí meabhairshláinte níos leithne, i bhfianaise an fhorluí idir úsáid substaintí agus leochaileachtaí síceolaíocha.

Treochtaí foriomlána

Cé go soláthraíonn na Ballstáit uile seirbhísí bunúsacha agus scagthástáil tosaigh, tá éagsúlacht shuntasach ann maidir le cúram speisialaithe a bheith ar fáil. Tugtar tús áite d'fhéinmharú a chosc agus cóireáil andúile ar fud na mBallstát. Treocht choiteann is ea an spleáchas ar shamhlacha leighis measctha agus ar soláthraithe seachtracha a chomhtháthú le haghaidh cóireáil speisialaithe.

8. Foréigean agus drochíde a chosc

(52) Ba cheart do na Ballstáit gach beart réasúnach a dhéanamh chun sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil a áirithiú agus chun aon chineál céastóireachta nó drochíde a chosc. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfuil na daoine atá á gcoinneáil faoi réir foréigin nó drochíde ón bhfoireann sa tsaoráid choinneála agus go gcaitear leo i leith dhínit na ndaoine sin. Ba cheart do na Ballstáit ceangal a chur ar bhaill foirne sa tsaoráid choinneála agus ar na húdaráis inniúla go léir daoine atá á gcoinneáil a chosaint ar fhoréigean nó ar dhrochíde ó dhaoine eile atá á gcoinneáil.

(53) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar maoirseacht ar chomhlíonadh an dualgaís cúraim seo agus ar aon úsáid fornirt ag baill foirne sa tsaoráid choinneála.

Is príomhfhreagrachtaí na gcóras coinneála iad foréigean a chosc agus cosaint ar dhrochíde a áirithiú. Tuairiscíonn na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige maidir le sonraí a bhailiú, rioscaí a bhainistiú, foireann a oiliúint agus sásraí maoirseachta, rud a léiríonn acmhainneachtaí institiúideacha agus cultúir tuairiscithe éagsúla. Cé gurb annamh a tharlaíonn teagmhais mharfacha go ginearálta, tarlaíonn foréigean neamh-mharfach, imeaglú agus ionsaí ar mhéideanna éagsúla ar fud na mBallstát.

Tá sé fós deacair teacht ar shonraí iontaofa maidir le teagmhais fhoréigineacha i roinnt mhaith dlínsí. Coinníonn roinnt Ballstát bunachair sonraí láraithe ar bun ina ndéantar doiciméadú ar

fhóréigean a mbíonn mórdhíobháil nó bás mar thoradh air, agus braitheann Ballstáit eile ar thuairisciú de láimh ó shaoráidí, rud a chuireann teorainn le cruinneas agus inchomparáideacht. Tuairiscíonn formhór na mBallstát líon íseal teagmhas marfach nó gan aon cheann acu sna blianta ábhartha. Léiríonn staidreamh maidir le fóréigean neamh-mharfach éagsúlacht mhór, agus roinnt córas ag taifeadadh na céadta nó na mílte teagmhas gach bliain, cé nach dtuairiscíonn córais eile ach beagáinín.

Is iondúil go n-áirítear ar na bearta coisctheacha in aghaidh an fhóréigin i measc daoine atá á gcoinneáil measúnú riosca struchtúrtha, prótacail tuairiscithe d'fhoireann leighis, mapáil riachtanas cosanta agus faireachas ceamara.

Áirítear ar bhearta eile a thuairiscigh roinnt Ballstát timpeallacht neamhfhoréigineach a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas mar shampla: roghanna deartha inti agus láithreach maoirseoirí; breathnóireacht mhéadaithe agus cuardachán tráthrialta coirp ar dhaoine ardriosca atá á gcoinneáil; cláir atá ceaptha chun cuidiú le daoine atá á gcoinneáil na mothúcháin agus na spreagthaí a bhainistiú, amhail oiliúint frithionsaithe nó teiripe ainmhithe; sainaonaid phóilíneachta príosúin; agus boird faireacháin ildisciplíneacha.

Baineann go leor córas úsáid as cuir chuige dhinimiciúla slándála lena gcuirtear béim ar idirghníomhaíocht leanúnach idir an fhoireann agus daoine atá á gcoinneáil chun coinbhleacht a chosc agus rioscaí a shainaithint go luath. Is minic a áirítear san oiliúint foirne teicnící díghéaraithe, bainistiú iompraíochta ionsaithí agus prótacail maidir le húsáid fornirt.

Dheimhnigh beagnach gach Ballstát go bhfuil sé de dhualgas ar fhoireann leighis príosún cásanna lena léirítear drochíde a thuairisciú go huathoibríoch d'ordlathas na bpríosún (e.g. an príomh-mhaor nó gobharnóir an phríosúin), don roinn póilíneachta inniúil agus/nó don ionchúisitheoir maoirseachta. Tá feidhm ag an dualgas sin is cuma an bhfuil an drochíde inchurtha i leith duine eile atá á choinneáil nó i leith fhoireann an phríosúin. Luaigh líon beag Ballstát - i bprionsabal - go bhfuil foireann leighis faoi cheangal ag rúndacht agus, dá bhrí sin, nach féidir leo faisnéis phearsanta a nochtadh ach amháin tar éis toiliú a fháil. Ach tá eisceachtaí ann fiú sna Ballstáit sin, go háirithe nuair is mionaoiseach nó duine leochaileach ar bhealach eile é an duine atá á choinneáil lena mbaineann, nuair a chonaic foireann leighis an teagmhas, nuair is cion tromchúiseach í an drochíde a mheallann pianbhreith príosúnachta níos mó ná bliain amháin, agus/nó nuair atá riosca mór ann do bheatha nó do shláinte an duine atá á choinneáil nó do shláinte tríú páirtithe. I roinnt Ballstát, is féidir, nó ní mór, rúndacht a bhriseadh i ngach cás ina bhfuil foireann príosún luaite.

Tá coimircí i gcoinne drochíde ón bhfoireann ar aon dul leis na coimircí a chuirtear i bhfeidhm maidir le fóréigean ó dhuine atá á choinneáil, mar a chuirtear i láthair thuas.

Áirítear an méid seo a leanas ar na bearta eile i gcoinne drochíde a thug baill foirne a thuairiscigh roinnt Ballstát; ranna príosúin speisialta a bhfuil sé de chúram orthu faireachán a dhéanamh ar dhrochíde a bhféadfadh an fhoireann a bheith ag tabhairt ar dhaoine atá á gcoinneáil, ceamaraí colainne sainordaitheacha do bhaill foirne a idirghníomhaíonn le daoine atá á gcoinneáil, oideachas foirne i gcearta an duine agus céasadh a chosc, oiliúint leochaileachta, chomh maith le rochtain ar chuntasacht inmheánach agus sheachtrach agus ar nósanna imeachta gearáin. Thairis sin, dhearbhaigh beagnach gach Ballstát go raibh córais i bhfeidhm acu chun úsáid fornirt i gcoinne daoine atá á gcoinneáil a thaifeadadh, cé nach ionann na córais sin ó thaobh raon feidhme agus sofaisticiúlachta de, ó thaifid cheamara a bheith ar fáil go hoibleagáid a fhorchur ar fhoireann príosúin tuarascáil a chomhdú lena n-ordlathas agus/nó leis an mbreitheamh maoirseachta nó leis an ionchúisitheoir maoirseachta. Tá córas lárthaí TF

nó loga ag formhór na mBallstát freisin (nó ar a laghad) chun gach teagmhas neamhghnách idir an fhoireann agus daoine atá á gcoinneáil a thaifeadadh, lena n-áirítear forneart a úsáid, agus tá nósanna imeachta tuairiscithe speisialta ag cuid acu maidir le húsáid arm amhail gunnaí agus smachtíní.

Tá éagsúlachtaí móra ann freisin idir na cóimheasa idir baill foirne agus daoine atá á gcoinneáil i measc dlínsí, ó níos lú ná 0,2 ball foirne in aghaidh an duine atá á choinneáil go níos mó ná 0,8, rud a léiríonn samhlacha foirne, méideanna saoráidí agus srianta acmhainní éagsúla. Tá cóimheasa réasúnta ard ag roinnt córas a thacaíonn le faireachán níos déine agus slándáil dhinimiciúil, agus oibríonn córais eile le foirne níos lú i gcoibhneas leis an daonra atá á choinneáil, rud a chruthaíonn dúshlán maidir le maoirseacht agus sábháilteacht.

Treochtaí foriomlána

Is tosaíocht i gcónaí é foréigean agus drochíde a chosc ar fud na mBallstát, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir le cáilíocht sonraí agus acmhainneacht faireacháin. Is annamh a tharlaíonn teagmhais mharfacha, ach tá dúshlán fós ag baint le foréigean neamh-mharfach. Díríonn córais níos mó de réir a chéile ar straitéisí coisctheacha, ar oiliúint foirne agus ar shlándáil dhinimiciúil. Tá éagsúlachtaí móra idir cóimheasa foirne, rud a bhfuil tionchar aige ar leibhéil mhaoirseachta agus sábháilteachta.

9. Teagmháil leis an saol lasmuigh

(54) Ba cheart do na Ballstáit ligean do dhaoine atá á gcoinneáil cuairteanna a fháil óna dteaghlaigh agus ó dhaoine eile, amhail ionadaithe dlíthiúla, oibrithe sóisialta agus liachleachtóirí. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt freisin do dhaoine atá á gcoinneáil comhfhreagras a dhéanamh faoi shaoirse leis na daoine sin trí litir agus, a mhínice is féidir, ar an teileafón nó trí mhodhanna eile cumarsáide, lena n-áirítear modhanna malartacha cumarsáide do dhaoine faoi mhíchumas.

(55) Ba cheart do na Ballstáit saoráidí oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar chuairteanna teaghlaigh faoi dhálaí atá oiriúnach do leanaí, atá comhoiriúnach le héilimh na slándála ach nach bhfuil chomh trámach céanna do leanaí. Ba cheart cuairteanna teaghlaigh den sórt sin teagmháil tráthrialta, fiúntach idir baill teaghlaigh a áirithiú.

(56) Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chumarsáid a chumasú trí mheáin dhigiteacha, amhail fisghlaonna, chun cur ar a gcumas do dhaoine atá á gcoinneáil, inter alia, teagmháil a choinneáil lena dteaghlaigh, iarraidh a dhéanamh ar phoist, cúrsaí oiliúna a dhéanamh nó cóiríocht a lorg mar ullmhúchán lena scaoileadh.

Is cuid ríthábhachtach de choinneáil dhaonnúil agus d'ath-imeascadh rathúil é naisc a choinneáil leis an teaghlach, le cairde, le hionadaithe dlíthiúla agus le tacaíocht ón bpobal. Ráthaíonn na Ballstáit uile an ceart do dhaoine atá á gcoinneáil teagmháil a choinneáil leis an saol lasmuigh, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir le minicíocht, fad agus coinníollacha na gcuairteanna agus na cumarsáide.

Ceadaítear cuairteanna teaghlaigh le linn coinneáil réamhthrialach, mar shampla, i ngach Stát. Mar sin féin, is féidir leis an íosmhiniúocht a bheith chomh beag le huair nó dhó in aghaidh na míosa nó idir uair amháin agus trí huaire in aghaidh na seachtaine nó gach lá nó chomh minic agus is féidir de réir acmhainneachtaí na hinstiúide, agus is é 30-60 nóiméad íostréimhse thuairiscithe gach cuairte i bhformhór na ndlínsí. Thairis sin, caitheann roinnt Ballstát le cuairteanna pósta ar an gcaoi chéanna agus a gcaitheann siad le cuairteanna teaghlaigh nó ceadaíonn siad cuairt bhreise níos faide gach mí nó gach ráithe má chomhlíontar coinníollacha áirithe, agus ní dhéanann Ballstáit eile foráil maidir leis an rogha sin ar chor ar bith. Is féidir cuairteanna thar oíche a dhéanamh, faoi choinníollacha áirithe freisin agus ag minicíochtaí níos ísle (uair nó dhó gach 6 mhí de ghnáth), i mbeagán dlínsí amháin. Os a choinne sin, tá rochtain ag dlíodóirí ar a gcliaint arna iarraidh sin dóibh i ngach Ballstát.

Ní thagann athrú ar na patrúin chuairte sin tar éis na trialach den chuid is mó. I roinnt Ballstát, is féidir minicíocht na gcuariteanna teaghlaigh a choigeartú síos, ach is gnách go n-éiríonn an tréimhse níos faide, agus i mBallstáit eile, is féidir leis an minicíocht méadú freisin. Agus mar phointe deiridh, tá níos mó Ballstát sásta cuairteanna pósta agus/nó cuairteanna thar oíche a eagrú.

Dheimhnigh beagnach gach Ballstát go bhfuil socruithe speisialta ann maidir le cuairteanna ó leanaí le linn na coinneála réamhthrialach agus iarthrialach araon. Mar sin féin, is féidir éagsúlacht a bheith i gceist le scála agus cuspóir na socruithe sin ó bhunriachtanais chosanta a chomhlíonadh (go háirithe duine fásta iomchuí a bheith in éineacht leis an leanbh) agus bréagáin a chur ar fáil i limistéir atá oiriúnach do leanaí, etc., rud a thuairiscigh formhór na mBallstát; go cuairteanna fadaithe nó breise lena gcuirtear uaireanta scoile san áireamh; agus go gníomhaíochtaí struchtúrtha agus cláir a bhfuil foireann iontu atá ceaptha nasc sláintiúil a chothú idir tuismitheoir agus leanbh agus timthriall an mhíbhuntáiste agus na príosúnachta ó ghlúin go glúin a bhriseadh.

D'fhéadfadh ábhair inní maidir le slándáil agus ord a bheith san áireamh sa liosta de na cúiseanna le cearta cuairte a theorannú, trí thoirmisc agus srianta nó faireachas, lena n-áirítear modhanna teicniúla, chomh maith le beart araíonachta as rialacha príosúin a sháru, breithnithe leasa leanaí nó easpa toiliú tuismitheora. Ina theannta sin, le cosaint (ordaithe ag an gcúirt) ar imscrúduithe réamhthrialach leanúnacha cuirtear cosc ar theagmháil le híospartaigh agus finnéithe, comhaltaí droinge, etc., agus le cosaint (ordaithe ag an gcúirt) an chuspóra coimeáda iarthrialach cuirtear cosc ar theagmháil le daoine ar dócha go mbeidh tionchar díobhálach acu ar iarrachtaí athshlánaithe agus ath-imeasctha.

Tá litreacha agus glaonna teileafóin caighdeánach ar fud na mBallstát uile, cé go bhféadfadh na glaonna a bheith teoranta ó thaobh minicíochta agus faid de. De ghnáth, ceadaítear iad uair sa tseachtain ar a laghad, ar feadh 10-20 nóiméad ar an meán agus bíonn siad faoi réir creidmheas leordhóthanach a bheith ceannaithe ag an duine atá á choinneáil. Thairis sin, tá fisghlaonna curtha ar bun ag formhór mór na mBallstát, nó tá siad á gcur ar bun acu faoi láthair, atá le déanamh sa bhreis ar chuairteanna tráthrialta ar an láthair nó ina n-ionad sin. Tá na fisghlaonna sin beartaithe go háirithe do theaghlaigh agus do leanaí óga, agus go háirithe i gcoinneáil iarthrialach i gcás inar féidir leis na caidrimh sin a bheith níos deacra a choinneáil ar bun. Murab ionann agus glaonna teileafóin, is féidir le fisghlaonna a bheith faoi réir coinníollacha, amhail formheas agus maoirseacht roimh ré, ach is féidir leo maireachtáil níos faide freisin, agus cuireann roinnt Ballstát, mar shampla, suas le dhá uair an chloig ar fáil in aghaidh an tseisiúin. Ar an taobh eile, níl fáil ar chumarsáid trí ríomhphost ná ar úsáid neamhspleách an idirlín den chuid is mó. Thuairiscigh roinnt Ballstát eisceachtaí chun críoch sonracha, amhail

gníomhaíochtaí oideachais, obair nó rialáil gnóthaí pearsanta. Sna cásanna sin, áfach, is iondúil go dtugtar rochtain do shuíomhanna gréasáin áirithe atá ‘ar an liosta bán’ amháin agus níl an rochtain sin beartaithe le haghaidh cumarsáid phearsanta.

Amhail cuairteanna, is féidir cumarsáid leis an saol lasmuigh a shrianadh nó a thoirmeasc freisin. Ach amháin i gcás comhfhreagras oifigiúil nó comhfhreagras faoi phribhléid, féadfar litreacha a oscailt, a léamh agus/nó a tharraingt siar. Féadfar glaonna a thaifeadadh agus d’fhéadfadh sé gur ghá na huimhreacha atá le glaoch a fhormheas. Ní hionann na forais chun na bearta sin a chur chun feidhme ar fud na mBallstát. Áirítear orthu sin ábhair imní maidir le slándáil agus ord, go háirithe maidir le coireanna agus/nó radacú (breise) a chosc, chomh maith le beart araíonachta as rialacha príosúin a shárú. Áirítear ar na forais eile cosaint (ordaithe ag an gcúirt) ar imscrúduithe réamhthrialach leanúnacha (baol crioscaíola ó fhinnéithe, etc.) agus cosaint (ordaithe ag an gcúirt) íospartach agus an cuspóir coimeádta iarthrialach níos leithne. Ba mhian le beagnach gach Ballstát a chur i bhfios go láidir nach mór gach cinneadh chun srian nó toirmeasc a chur ar chumarsáid a bheith spriocdhírthe, réasúnaithe agus sealadach, ach ní raibh an chuid is mó acu in ann teorainn ama a shonrú. Is féidir le horduithe cúirte fanacht i bhfeidhm ar feadh fhad iomlán na coinneála réamhthrialach, mar shampla, ach is amhlaidh go mbeidh bearta araíonachta níos giorra. Is cosúil ar an iomlán gurb iad na treoirphrionsabail an chomhréireacht agus an t-athbhreithniú tráthrialta.

Treochtaí foriomlána

Tá teagmháil leis an saol lasmuigh cumasaithe go forleathan ach cuirtear chun feidhme go míchothrom í. Tá cuairteanna teaghlaigh agus rochtain teileafóin caighdeánach, agus tá fisghlaonna ag éirí níos coitianta. Bíonn srian fós ar rochtain ar an idirlíon agus ar ríomhphost. Cuireann na Ballstáit béim láidir ar shocruithe cuairte atá dírithe ar leanaí. Léiríonn an treocht uileghabhálach cothromaíocht idir slándáil a choinneáil ar bun agus naisc shóisialta fhóinteacha a chumasú, agus deiseanna cumarsáide á leathnú de réir a chéile ag teicneolaíochtaí nua-aimseartha.

10. Cúnamh dlíthiúil

(58) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag na daoine atá á choinneáil ar dhlíodóir.

(59) Ba cheart do na Ballstáit rúndacht cruinnithe agus cineálacha eile cumarsáide, lena n-áirítear comhfhreagras dlí, idir na daoine atá á gcoinneáil agus a gcomhairleoirí dlí a urramú.

(60) Ba cheart do na Ballstáit rochtain a thabhairt do dhaoine atá á choinneáil ar dhoiciméid a bhaineann lena n-imeachtaí dlíthiúla, nó cead a thabhairt dóibh na doiciméid sin a choimeád ina seilbh.

Dheimhnigh na Ballstáit uile, ar bhealach níos mionsonraithe nó níos lú, go bhféadann daoine atá á gcoinneáil roimh an triail rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil, go háirithe trína gceart a fheidhmiú abhcóide cosanta a cheapadh. Chuir go leor Ballstát in iúl go soiléir gur cás é coinneáil réamhthrialach a éilíonn cosaint éigeantach, agus go bhfuil cúnamh dlíthiúil agus

cosantóirí poiblí ar fáil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu (mar a shainmhínítear leis an reachtaíocht náisiúnta). Ina theannta sin, luaigh roinnt Ballstát go gcuireann baill foirne agus oibrithe sóisialta ina bpríosúin faisnéis phraiticiúil agus comhairle phraiticiúil ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil roimh an triail maidir le conas cúnamh a lorg (liosta dlíodóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, etc.) agus go bhféadann siad cuidiú an teagmháil tosaigh a chur ar bun. Tá cumarsáid agus comhfhreagras le habhcóidí cosanta faoi phribhléid i ngach Ballstát, agus níl a gcuariteanna faoi réir teorainneacha.

Tar éis pianbhreith a ghearradh, tá sé de cheart ag daoine atá á gcoinneáil i ngach Ballstát cúnamh dlí a lorg chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí riaracháin nó araíonachta agus bearta slándála, agus gearáin a dhéanamh maidir le drochíde nó drochdhálaí coinneála, go himheánach, sa chúirt nó trí dhul ar iontaobh sásraí idirnáisiúnta. Luaigh formhór na mBallstát arís go bhfuil cúnamh dlíthiúil ar fáil, agus thuairiscigh líon beag acu go mbíonn dlíodóirí cúnamh dhlíthiúil i láthair go tráthrialta sna príosúin chun comhairle a thabhairt. Is iad seo a leanas na bearta atá i bhfeidhm i líon mór Ballstát chun an ceart chun cúnamh dhlíthiúil a éascú:

- an fhéidearthacht cianchomhairliúchán a dhéanamh le dlíodóir;
- glaonna teileafóin, comhfhreagras ríomhphoist agus poist idir an dlíodóir agus an duine atá á choinneáil;
- rochtain ar an gcomhad don duine atá á choinneáil (trí bhíthin an dlíodóra);
- rochtain ar ríomhaire ag an duine atá á choinneáil chun nótaí a bhreacadh;
- liosta dlíodóirí do dhaoine atá á gcoinneáil nach bhfuil ionadaíocht acu; agus
- cead don dlíodóir a ríomhaire féin a thabhairt go dtí an príosún.

Tugann formhór na mBallstát rochtain fhisiciúil ar chomhaid phearsanta agus/nó ar cháschomhaid do dhaoine atá á gcoinneáil. Soláthraíonn roinnt Ballstát rochtain dhigiteach freisin (ar ardán féachana slán, trí USB, etc.) i ngach cás nó i roinnt cásanna.

Treochtaí foriomlána

Ráthaítear cúnamh dlíthiúil ar fud na mBallstát. Le cosaint éigeantach i gcoinneáil réamhthrialach, cúnamh dlíthiúil agus cosaintí láidre rúndachta, cruthaítear coimircí láidre. Tá méadú ag teacht ar an rochtain dhigiteach ar chumarsáid dhlíthiúil ach tá éagsúlacht rochtana ann.

11. Iarrataí agus gearáin

(61) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na daoine uile atá á gcoinneáil ar an eolas go soiléir faoi na rialacha is infheidhme ina saoráid choinneála shonrach.

(62) Ba cheart do na Ballstáit rochtain éifeachtach ar nós imeachta a éascú lena gcuirtear ar a gcumas do dhaoine atá á gcoinneáil dúshlán oifigiúil a thabhairt maidir le gnéithe dá saol faoi choinneáil. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le daoine atá á gcoinneáil iarrataí agus gearáin faoi rún a thíolacadh faoi shaoirse maidir lena gcóireáil, trí shásraí gearáin inmheánacha agus seachtracha araon.

(63) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go láimhseálann údarás nó binse neamhspleách a bhfuil sé de chumhacht aige gearáin ó na daoine atá á gcoinneáil bearta faoisimh a ordú go pras agus go dícheallach, go háirithe bearta chun deireadh a chur le haon sárú ar an gceart gan a bheith faoi réir chéastóireacht nó cóireáil atá mídhaonna nó táireach.

Le sásraí éifeachtacha gearáin, cinntítear cuntasacht, trédhearcacht agus urraim do chearta na ndaoine atá á gcoinneáil. Cuireann gach dlínse sásraí ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil chun faisnéis a fháil, iarrataí agus gearáin a dhéanamh maidir le coinníollacha, cóir nó saincheistean na nós imeachta.

Dheimhnigh na Ballstáit uile go gcuirtear daoine atá á gcoinneáil ar an eolas go soiléir, ar theacht isteach dóibh, faoi rialacha na saoráide ina bhfuil siad á gcoinneáil. Déantar é sin ó bhéal i bhformhór na mBallstát - le linn an agallaimh fáiltithe le gobharnóir an phríosúin, mar shampla - agus/nó i scríbhinn trí bhíthin bróisiúir, teoracha mearthagartha, póstaí mhaisithe, etc., a thugtar amach do na daoine atá á gcoinneáil agus/nó atá lonnaithe i gcellíní agus i spásanna comhchoiteanna. Thuairiscigh roinnt Ballstát gur bhain siad úsáid as físeáin faisnéise freisin. Sheas roinnt Ballstát amach freisin as a n-iarrachtaí faisnéis fhíor-riachtanach a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach, tar éis dóibh tairseacha tiomnaithe TF a chur i bhfeidhm amhail inlíonta eagraíochtúla (le ranna maidir le rialacha, cearta agus doiciméid, ach freisin le nuashonruithe maidir le gníomhaíochtaí agus nuacht, cuntais phearsanta chun liúntais a bhainistiú, etc.) ar féidir rochtain a fháil orthu go díreach ó chill na ndaoine atá á gcoinneáil nó trí chuairt a thabhairt ar phointe faisnéise. Gan beann ar an meán, thug na Ballstáit uile dearbhú éigin go n-aistrítear na rialacha go teangacha éagsúla - le hateangaire nó le cuidiú ó bhogearraí iomchuí.

Tá éagsúlacht sna sásraí gearáin ach áirítear leo go ginearálta gearáin ó bhéal nó gearáin i scríbhinn a chur faoi bhráid na foirne go díreach, boscaí gearáin anaithnide, foirmeacha gearáin agus nósanna imeachta a bhaineann le ról inmheánacha speisialaithe amhail ombudsmain phríosúin, breithiúna gearáin nó ionchúisitheoirí. Baineann roinnt córas úsáid as urlabhraithe tofa atá á gcoinneáil nó as ‘cairde’ coinneála chun tacú leis an gcumarsáid.

Ní hionann na teorainneacha ama do dhaoine atá á gcoinneáil chun freagra a fháil ar a ngearáin i measc na mBallstát agus braitheann siad ar chineál agus ar phráinn an ghearáin agus ar an gcaoi a ndearnadh é. Thuairiscigh formhór na mBallstát go ndéantar gearáin a phróiseáil agus go dtugtar aghaidh orthu a luaithe is féidir, idir 3 lá agus 2-3 mhí ar a dhéanaí.

Is gnách go n-áirítear an bord príosúin, ceann na seirbhíse príosúin, agus an t-údarás maoirseachta is airde (an Aireacht Dlí agus Cirt de ghnáth) le nósanna imeachta gearáin seachtracha, chomh maith le húdaráis náisiúnta neamhspleacha - amhail coimisinéir nó ombudsman príosúin - agus comhlachtaí maoirseachta idirnáisiúnta, go háirithe, an Coiste

Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc. Luaigh formhór na mBallstát freisin go bhféadfadh cúirteanna inniúla náisiúnta agus idirnáisiúnta athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh (lena n-áirítear athbhreithniú ar chinntí riaracháin a dhéantar mar fhreagairt ar ghearáin inmheánacha). Thairis sin, bíonn sé de shaoirse i gcónaí ag daoine atá á gcoinneáil teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí póilíneachta agus ionchúisimh chomh maith le habhcóide cosanta chun aird a tharraingt ar chasaoídí agus ar mhí-iompar ábhartha.

Treochtaí foriomlána

Tá rochtain ar shásraí gearáin cuimsitheach ar fud na mBallstát ach ní hionann an tsofaisticiúlacht. Tá feabhas á chur de réir a chéile ag an digitiú ar thrédhearcacht agus ar agaí freagartha. Cuirtear eolas ar fáil, i dteangacha éagsúla freisin, ar theacht isteach do na daoine faoi choinneáil. Tá maoirseacht sheachtrach fós ina modh tábhachtach chun sásraí inmheánacha gearáin a chomhlánú.

12. Bearta speisialta do mhná agus do chailíní

(64) Ba cheart do na Ballstáit riachtanais shonracha fhisiceacha, ghairmiúla, shóisialta agus shíceolaíocha na mban agus na gcailíní, chomh maith le riachtanais sláintíochta agus chúram sláinte, a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear d'aon ghné dá gcoinneáil.

(65) Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do dhaoine atá á choinneáil leanbh a bheith acu in ospidéal lasmuigh den tsaoráid choinneála. I gcás ina mbéarfar leanbh sa tsaoráid choinneála, ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht agus na saoráidí uile is gá a shocrú chun an nasc idir an mháthair agus an leanbh a chosaint agus chun a bhfolláine choirp agus mheabhrach a choimirciú, lena n-áirítear cúram sláinte iomchuí réamhbhreithe agus iarbhreithe.

(66) Ba cheart do na Ballstáit a cheadú do dhaoine atá á choinneáil a bhfuil naíonáin acu na leanaí sin a choinneáil leo sa tsaoráid choinneála a mhéid a bheidh sé sin comhoiriúnach le leas an linbh. Ba cheart do na Ballstáit cóiríocht speisialta a chur ar fáil agus gach beart réasúnta a dhéanamh a oireann do leanaí chun sláinte agus leas na leanaí lena mbaineann a áirithiú le linn an phianbhreith a chur i bhfeidhm.

Tá riachtanais ar leith ag mná atá á gcoinneáil a bhaineann le cúram sláinte, sábháilteacht, freagrachtaí teaghlaigh agus leochaileacht i leith mí-úsáide. Tá réimse beart glactha ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir le leibhéal an tsoláthair.

Cuireann na Ballstáit leithdháileadh ar leithligh ar fáil i saoráidí ar leithligh nó i mbardaí ar leithligh, chomh maith le táirgí sláinteachais do mhná agus aonaid do mháithreacha agus linbh a chuireann ar chumas na mban cónaí lena leanaí agus a bpianbhreitheanna á gcur isteach acu nó iad ag fanacht lena dtríail (féach thíos). Ina theannta sin, luaigh formhór na mBallstát tiomantas leathan do chóireáil spriocdhírthe agus do bhearta tacaíochta do mhná atá á gcoinneáil. D'fhéadfaí a áireamh leis sin sainchúram sláinte fisiciúil agus meabhrach, go

háirithe, rochtain ar ghnáthscrúduithe gíniceolaíocha, seirbhísí réamhbhreithe agus iarbhreithe, chomh maith le hidirghabhálacha sóisialta, síceasóisialta agus síciatracha dóibh siúd a bhíonn ag streachailt le himní nó le dúlagar nó a d'fhulaing foréigean nó mí-úsáid; gníomhaíochtaí spóirt agus fóillíochta 'inscne-shonracha', cláir oideachais, nó deiseanna oibre agus gairmoiliúna, cuairteanna níos faide nó cuairteanna breise ó leanaí; cuardaigh choirp agus/nó maoirseacht arna ndéanamh ag baill foirne príosúin baineanna; agus rialú níos doichte ar úsáid a bhaint as bearta araíonachta, go háirithe gaibhniú aonair, le linn toirchis agus iarthuismidh.

Dheimhnigh na Ballstáit uile go gceadaítear go tráthrialta do mhná atá á gcoinneáil breith lasmuigh den phríosún, cé go bhfuil éagsúlachtaí móra ar fud na mBallstát maidir le dearbhlíon na ndaoine atá á gcoinneáil ar rugadh leanbh dóibh le 3 bliana anuas, idir níos lú ná 10 mbreith agus níos mó ná 150 breith faoi choinneáil. Léiríonn sé sin, dá réir sin, cineálacha éagsúla cur chuige maidir le mná torracha a bheith i bpríosún ar fud an Aontais.

Ceadaítear do leanaí fanacht lena máthair i bpríosún suas go bliain amháin nó trí bliana d'aois i bhformhór na mBallstát, i gcás inar chun leasa an linbh é sin. I roinnt Ballstát, níl aon teorainn aoise dhocht ann, agus i roinnt Ballstát féadfaidh leanaí fanacht lena máthair i bpríosún go dtí 6 bliana d'aois.

Dheimhnigh formhór na mBallstát go bhfuil aonaid mháthair agus linbh acu agus go gcuirtear cóiríocht ar fáil do mhná a bhfuil leanaí acu sna haonaid sin.

Treochtaí foriomlána

Tá méadú ag teacht ar an aitheantas a thugtar do riachtanais na mban ar fud na gcóras coinneála, agus tá feabhas ag teacht ar an gcúram sláinte, ar sholáthar an tsláinteachais, ar an tsábháilteacht agus ar an tacaíocht teaghlaigh. Tá aonaid mháthair agus linbh ar fáil go forleathan, cé nach ionann struchtúr agus teorainn aoise dóibh. Tá beartais atá íogair ó thaobh inscne de fós míchothrom, agus tá roinnt dlínsí ag tairiscint seirbhísí cuimsitheacha agus tá dlínsí eile ag brath ar fhorálacha níos teoranta.

(67) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain réasúnach ag náisiúnaigh choigríche agus ag daoine eile atá á gcoinneáil a bhfuil riachtanais áirithe teanga acu ar sheirbhísí gairmiúla ateangaireachta agus ar aistriúcháin ar ábhair scríofa i dteanga a thuigeann siad.

(68) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear náisiúnaigh choigríche ar an eolas, gan moill mhíchuí, faoina gceart teagmháil a iarraidh, agus go dtabharfar saoráidí réasúnacha dóibh chun cumarsáid a dhéanamh le seirbhís taidhleoireachta nó chonsalach a dtíre náisiúntachta.

(69) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faisnéis maidir le cúnamh dlí ar fáil.

(70) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear náisiúnaigh choigríche ar an eolas faoin bhféidearthacht a iarraidh go n-aistreofaí forghníomhú a mbeart maoirseachta pianbhreithe nó a mbeart maoirseachta réamhthrialach chuig a dtír náisiúntachta nó a dtír bhuanchónaithe, amhail faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB agus Cinneadh Réime 2009/829/CGB.

13. Bearta speisialta do náisiúnaigh choigríche

Is náisiúnaigh eachtracha iad sciar mór de na daonraí atá faoi choinneáil i roinnt mhaith dlínsí, agus tá a nósanna imeachta curtha in oiriúint ag córais choinneála chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní teanga, dlíthiúla agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith roimh na daoine sin atá faoi choinneáil. Tuairiscíonn na Ballstáit uile bearta speisialaithe arb é is aidhm dóibh a áirithiú go bhféadann náisiúnaigh eachtracha a gcearta a thuiscint agus a fheidhmiú, cumarsáid a choinneáil ar bun lena gconsalachtaí agus rochtain a fháil ar thacaíocht ath-imeasctha.

Seachas faisnéis a aistriú agus a léirmhíniú, amhail rialacha na saoráide, thuairiscigh go leor Ballstát bearta breise chun tacú le náisiúnaigh eachtracha atá faoi choinneáil. Áirítear ar na bearta sin, go háirithe, rochtain ar chúrsaí teanga ábhartha, infheistíocht i ngníomhaíochtaí, i gcláir nó i sainfhoireann chun imeascadh agus scileanna idirchultúrtha a chothú, glaonna idirnáisiúnta teileafóin nó físe a éascú chun naisc le teaghlaigh a chosaint, cóiríocht in éineacht le daoine ón gcúlra náisiúnta agus/nó teanga céanna atá á gcoinneáil agus cúnamh maidir le cúrsaí inimirce. Áirítear an méid seo a leanas ar na cineálacha éagsúla seirbhísí ateangaireachta a úsáideann na Ballstáit; ateangairí inmheánacha nó seachtracha (i bpearsa), ateangaireacht fuaimne/físeáin, uirlisí ríomhaistriúcháin, baill foirne ilteangacha, nó cúnamh ó dhaoine atá á gcoinneáil a labhraíonn an teanga chéanna.

Dheimhnigh na Ballstáit uile go bhfuil sé de cheart ag náisiúnaigh eachtracha, faoi chuimsiú agus faoi raon feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta, fógra a thabhairt dá n-ionadaíocht taidhleoireachta nó chonsalach féin maidir lena gcoinneáil, agus go bhféadfar comhfhreagras, glaonna teileafóin nó físglaonna, agus cuairteanna a dhéanamh faoi rún agus gan srianta míchuí. Ar an gcaoi chéanna, dheimhnigh na Ballstáit uile go bhféadann náisiúnaigh eachtracha rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil agus ar chúnamh dlíthiúil faoi na coinníollacha céanna lena saoránaigh féin.

Thuairiscigh beagnach gach Ballstát go gcuirtear náisiúnaigh eachtracha ar an eolas go réamhghníomhach faoin bhféidearthacht a iarraidh go n-aistreofaí forghníomhú a bpiambhreithe nó a mbirt maoirseachta réamhthrialaigh chuig a dtír náisiúntachta nó a dtír bhuanchónaithe faoi Chinntí Réime 2008/909/CGB agus 2009/829/CGB. I roinnt Ballstát, cuireann foireann na bpríosún an fhaisnéis sin ar fáil le linn an nós imeachta um theacht isteach, ó bhéal agus/nó i scríbhinn agus i dteanga atá ag an duine faoi choinneáil. I roinnt Ballstát, áirítear í sna bróisiúir faisnéise a thugtar do gach duine atá á choinneáil ar theacht isteach dó. Chuir roinnt Ballstát in iúl go soiléir, áfach, go bhfuil cúnamh dlíthiúil náisiúnta ar fáil - i gcásanna áirithe ar a laghad - chun aistriú den sórt sin a iarraidh.

Treochtaí foriomlána

Faigheann náisiúnaigh eachtracha tacaíocht fhorleathan nós imeachta, go háirithe maidir le rochtain ar aistriúchán agus ateangaireacht agus cumarsáid le húdaráis chonsalacha. Tá bearta oideachais agus imeasctha coitianta, cé go bhfuil éagsúlacht ann maidir lena n-infhaighteacht, agus go bhfuil cúnamh le haistrithe pianbhreitheanna coimeádta nó beart maoirseachta níos míchothroime.

14. Bearta speisialta do leanaí agus d'aoisigh óga

(71) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sárleasanna an linbh ina bpríomhchomaoín i ngach ábhar a bhaineann lena gcoinneáil, agus go gcuirtear a gcearta sonracha agus a riachtanais shonracha san áireamh agus cinntí á ndéanamh a mbíonn tionchar acu ar aon ghné dá gcoinneáil.

(72) I gcás leanaí, ba cheart do na Ballstáit córas coinneála iomchuí ildisciplíneach a bhunú lena n-áiritheofar agus lena gcaomhnófar a sláinte agus a bhforbairt choirp, mheabhrach agus mhothúchánach, a gceart chun oideachais agus oiliúna, feidhmiú éifeachtach agus tráthrialta a gceart chun saol an teaghlaigh, agus a rochtain ar chlár lena gcothaítear a n-ath-imeascadh sa tsochaí.

(73) Aon úsáid a bhaintear as bearta araíonachta, lena n-áirítear gaibhniú aonair, úsáid srianta nó úsáid fornirt, ba cheart í a bheith faoi réir dianriachtanas agus breithnithe comhréireachta.

(74) I gcás inarb iomchuí, spreagtar na Ballstáit chun an córas coinneála d'ógchiontóirí a chur i bhfeidhm ar chiontóirí óga faoi bhun 21 bliain d'aois.

Tá coimircí speisialaithe de dhíth ar leanaí agus ar aoisigh óga atá faoi choinneáil mar gheall ar a riachtanais forbartha, a leochaileacht mhéadaithe agus a n-acmhainneacht níos mó don athshlánú. Cuireann na Ballstáit raon leathan beart cosanta ar fáil lena rialaítear scaradh, oideachas, bearta araíonachta agus tacaíocht shíceolaíoch.

Chomh maith le leithdháileadh ar leithligh, thuairiscigh formhór na mBallstát go bhfuil córais choinneála leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus, i gcás inarb infheidhme, daoine fásta óga idir 18 agus 21 bhliain d'aois bunaithe ar chuspóirí neamhphionósacha oideachais agus ar an tacaíocht shóisialta agus shíceolaíoch is gá chun braistint freagrachta sibhialta agus muintearais a chur chun cinn. Chomh maith le scolaíocht sainordaithe, gairmoiliúint agus gníomhaíochtaí iomchuí spóirt agus fóillíochta a thabhairt chun críche, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a áirithiú le samplaí nithiúla den mhéid a bheadh i gceist leis sin: dálaí maireachtála oscailte nó leathoscailte; maoirseacht mhéadaithe agus rochtain mhéadaithe ar bhaill foirne ildisciplíneacha atá oile go speisialta; dlúth-theagmháil mhinic leis an teaghlach - lena n-áirítear teagmháil le linn cuairteanna baile agus seisiúin teiripe teaghlaigh - agus rannpháirtíocht sa phobal áitiúil; chomh maith le hoiliúint scileanna pearsanta, mothúchánacha agus sóisialta, mar shampla, chun cuidiú le nósanna sláintiúla itheacháin agus sláinteachais a chothú, iompar bagrach agus foréigneach a rialú, andúil a chosc agus muinín shóisialta a chothú.

Tríd is tríd, dhearbhaigh formhór na mBallstát go bhfuil gaibhniú aonair ar fáil mar bheart araíonachta do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois atá faoi choinneáil réamhthrialach agus faoi phianbhreith. Chuir siad in iúl go soiléir, áfach, gur rogha dheiridh é sin nach gcuirtear i bhfeidhm í ach amháin maidir le cionta tromchúiseacha agus/nó cionta a dhéantar arís agus arís eile, mar a shonraítear sna rialacha príosúin. Áirítear ar chionta den sórt sin éalú, drugaí nó earraí toirmisce eile a smuglaíl isteach sa tsaoráid, bagairtí agus ionsaithe foréigneacha ar bhaill foirne nó ar dhaoine eile atá á gcoinneáil, breoiteacht a chur i gcéill agus é mar aidhm acu go gcuirfear amach as an tsaoráid iad, páirt a ghlacadh i ngníomh easurraime comhchoitinn, etc. Úsaideann roinnt Ballstát gaibhniú aonair freisin ar chúiseanna cosanta i gcásanna amhrais

maidir leis an bhféinchochar nó an riosca féinmharaíthe, ar chúiseanna sláinte, nó nuair is gá daoine leochaileacha eile atá á gcoinneáil a chosaint. I bprionsabal, cé go gcaithfidh an t-am a chaitear i ngaibhniú aonair a bheith comhréireach leis an gcúis ar forchuireadh é, is féidir leis an uastréimhse a bheith an-éagsúil, idir 3 agus 21 lá. I bhformhór na mBallstát, bíonn sé idir 5 agus 10 lá, agus cuireann Ballstát amháin teorainn leis an mbeart ar 4 uair an chloig in aghaidh an lae ar 5 lá as a chéile ar a mhéad, agus is gnách nach gcuireann Ballstát eile i bhfeidhm é ach amháin le linn am áineasa ionas nach ndéanann sé difear do ghníomhaíochtaí scoile. Ar deireadh, cé nár shonraigh ach líon beag Ballstát an mhinicíocht a dhéantar athbhreithniú ar chinntí gaibhniúcháin aonair, luaigh go leor acu an tábhacht a bhaineann le maoirseacht leighis agus shíceolaíoch.

Sa bhreis ar ghaibhniú aonair nó ina ionad, dheimhnigh roinnt Ballstát freisin go bhfuil bearta araíonachta eile nach bhfuil chomh hionrach céanna ar fáil do leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Áirítear ar na cinn is coitianta rabhaidh agus iomarduithe, faireachas méadaithe, earraí áirithe a choigistiú nó a choinneáil siar, airgead póca agus siopadóireacht sa stór príosúin a shrianadh, gníomhaíochtaí fóillíochta agus imeachtaí cultúrtha (comhphobail) a shrianadh, gairis chlosamhairc (amhail teilifís phearsanta) a bhaint, níos lú cuairteanna agus glaonna teileafóin nó cinn níos giorra, an ceart chun obair a dhéanamh a chur ar fionraí, agus toirmeasc a chur ar bheartáin a fháil. Is bearta sealadacha iad na bearta sin go léir, a mhaireann ar feadh tréimhse ar bith idir cúpla lá agus roinnt míonna as a chéile, agus ní mór dóibh a bheith i gcomhréir leis an gcion araíonachta a rinneadh. Dá bhrí sin, teastaíonn freagairt níos éadroime ar dhímheas a léiriú don fhoireann nó gan cill a ghlanadh ná drugaí a ghoid nó a thrádáil, mar shampla. Leag roinnt Ballstát béim ar a thábhachtaí atá sé bearta araíonachta a úsáid i gcás inar theip ar idirghabhálacha aisiríocha nó oideolaíocha, agus sa chás sin amháin.

Treochtaí foriomlána

Ar fud na mBallstát, is ardtosaíocht í leanaí agus daoine fásta óga a chosaint. Cuirtear scaradh ó dhaoine fásta, oideachas sainordaitheach agus tacaíocht fhorleathan shíceolaíoch chun feidhme go forleathan. Cuirtear coimircí comhsheasmhacha ar fáil le teorainneacha ar ghaibhniú aonair agus béim ar theagmháil teaghlaigh. Tá éagsúlacht níos leithne idir cineálacha cur chuige d'aoisigh óga (18-21 bhliain d'aois), ach tá a riachtanais forbartha shonracha á n-aithint níos mó de réir a chéile ag go leor córas.

15. Bearta speisialta do dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí sláinte

tromchúiseacha orthu

(75) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear cúram iomchuí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine eile a bhfuil riochtaí tromchúiseacha leighis orthu atá inchomparáide leis an gcúram a chuireann an córas náisiúnta sláinte poiblí ar fáil agus a fhreastalaíonn ar a riachtanais shonracha. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear cúram gairmiúil speisialaithe ar fáil do dhaoine ar diagnóisíodh go raibh fadhbanna meabhairshláinte acu, i gcás ina bhfuil gá leis sin in institiúidí speisialaithe nó i rannáin thiomnaithe den tsaoráid choinneála faoi mhaoirseacht leighis, agus go ndéantar cúram sláinte leanúnach a sholáthar do dhaoine atá á gcoinneáil tráth atá siad á n-ullmhú dá scaoileadh saor, i gcás inar gá.

(76) Ba cheart do na Ballstáit cúram ar leith a ghlacadh chun freastal ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas nó riochtaí tromchúiseacha leighis maidir le dálaí ábhartha coinneála agus córais choinneála agus chun inrochtaineacht na ndaoine sin a áirithiú. Ba cheart a áireamh leis sin gníomhaíochtaí iomchuí a sholáthar do na daoine sin atá á gcoinneáil.

Bíonn bacainní ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil riochtaí sláinte tromchúiseacha orthu agus iad faoi choinneáil, agus tá bearta éagsúla forbartha ag na Ballstáit chun a riachtanais a shainaithint, chun freastal orthu agus chun tacú leo. Cuireann na Ballstáit faisnéis ghinearálta ar fáil maidir le soláthar seirbhísí sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte, agus cuireann siad cláir i bhfeidhm chun andúil substaintí agus éirí as substaintí a bhainistiú. Sa bhreis ar na bearta sin, na bearta is minice a luaitear a dhéanann na Ballstáit chun dálaí coinneála a oiriúnú do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí tromchúiseacha sláinte orthu atá á gcoinneáil (roimh an triail agus faoi phianbhreith), baineann siad le hinrochtaineacht cillíní agus bardaí, agus le limistéir chomhchoiteanna do dhaoine atá faoi mhíchumas fisiciúil agus do dhaoine scothaosta atá á gcoinneáil. D'fhéadfaí a áireamh leis sin rud ar bith ó leithris ardaithe i gceillíní agus cathaoireacha cithfholcadáin, ráillí láimhe breise agus leapacha inchoigeartaithe, go rampaí, ardaitheoirí agus pasáistí níos leithne (lena n-áirítear i spásanna cuairteoireachta). Luaigh roinnt Ballstát freisin áiseanna a sholáthar, amhail maidí croise agus cathaoireacha rothaí - cé go meastar gur cúram sláinte fíor-riachtanach é sin ar fud na ndlínsí uile - agus luaigh Ballstáit eile go bhféadann daoine atá á gcoinneáil cúnamh speisialta a fháil chun cuidiú leo dul i ngleic leis an saol laethúil. Ar an taobh eile, níor luaigh ach roinnt Ballstát gníomhaíochtaí agus cóireálacha speisialta, amhail cláir spóirt, deiseanna oibre, etc. Agus mar phointe deireadh, thuairiscigh níos mó ná aon trian de na Ballstáit go bhfuil sainbhardaí meabhairshláinte agus/nó andúile drugaí ann.

Treochtaí foriomlána

Tá méadú ag teacht ar an aitheantas a thugtar do riachtanais a bhaineann le míchumas ar fud na mBallstát, ach tá éagsúlacht fós sa chur chun feidhme. Áirítear ar na hoiriúnuithe coigeartuithe struchtúracha agus, i gcásanna áirithe, soláthar feistí cúnta nó tacaíochta aonair chun cuidiú le daoine faoi choinneáil an saol laethúil a bhainistiú. Níl freagairtí níos speisialaithe, amhail gníomhaíochtaí oiriúnaithe nó bardaí tiomnaithe meabhairshláinte agus andúile drugaí, chomh forleathan céanna.

16. Bearta speisialta chun daoine atá á gcoinneáil a bhfuil riachtanais nó leochaileachtaí

(77) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh socrú faoi choinneáil níos measa fós imeallú daoine mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach, a mbunadh ciníoch nó eitneach nó a gcreideamh reiligiúnach nó ar bhonn aon fhorais eile.

(78) Ba cheart do na Ballstáit gach beart réasúnach a dhéanamh chun cosc a chur ar fhoréigean nó ar dhrochíde eile, amhail mí-úsáid fhisiciúil, mheabhrach nó ghnéasach, in aghaidh daoine mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach, a mbunadh ciníoch nó eitneach, a gcreideamh nó ar bhonn aon fhorais eile ag baili foirne sa tsaoráid choinneála nó ag daoine eile atá á choinneáil. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear bearta cosanta speisialta i bhfeidhm i gcás ina bhfuil baol foréigin nó drochíde den sórt sin ann.

speisialta acu a chosaint

Bíonn raon leathan daoine leochaileacha á gcoinneáil i gcórais choinneála, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine a bhfuil meabhairghalair orthu, iad siúd atá i mbaol a bhféinmharaithe, daoine LADTIA agus daoine a bhfuil riachtanais acu maidir le spleáchas substaintí.

Dheimhnigh beagnach gach Ballstát go ndéanann siad bearta chun sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil a bhfuil riachtanais speisialta agus leochaileachtaí acu a áirithiú, bíodh sé go ndéantar sin trí bheartais ghinearálta frith-idirdhealaithe agus oiliúint foirne, aicmithe leochaileachta agus bearta cosanta, pleananna cúraim agus athshlánaithe aonair, gníomhaíochtaí cuimsitheacha agus múscailt feasachta i measc an daonra níos leithne atá á choinneáil, nó trí oibleagáidí tuairiscithe inmheánacha a chur chun feidhme go docht. Nuair a cuireadh ceist orthu go sonrach faoi dhaoine LADTIA+ atá á gcoinneáil a chosaint, thuairiscigh líon beag Ballstát treoirlínte praiticiúla lena dtugtar aghaidh ar fhadhbanna sonracha amhail rochtain ar chúram sláinte iomchuí, socrúithe folctha, úsáid forainmneacha, príobháideachas agus cosaint sonraí, cuardaigh coirp, foréigean agus bulaíocht, etc. Mar sin féin, shainaithin beagnach gach Ballstát leithdháileadh na ndaoine atá á gcoinneáil trasinscneach mar phríomhfhocas acu. I measc na gcineálacha éagsúla cur chuige a ghlactar i ndáil leis sin tá leithdháileadh i gcomhréir le hinscne chláráithe (dhlíthiúil), cinneadh cás ar chás (mianta pearsanta, ábhair imní slándála, measúnuithe saineolaithe) nó bardaí speisialta nó cillíní aonair.

Tríd is tríd, dheimhnigh na Ballstáit go bhféadfaí tús a chur le cóireáil hormónach, nó leanúint di, i bpríosún.

Treochtaí foriomlána

Go ginearálta, déantar bainistíocht leochaileachta a chomhtháthú in oibríochtaí coinneála. Thuairiscigh beagnach gach Ballstát bearta chun daoine atá á gcoinneáil a bhfuil riachtanais speisialta agus leochaileachtaí acu a chosaint, lena n-áirítear beartais frith-idirdhealaithe, oiliúint foirne, measúnuithe leochaileachta agus pleananna cúraim nó socrúcháin aonair.

17. Cigireachtaí agus faireachán

(79) Ba cheart do na Ballstáit cigireachtaí tráthrialta ag údarás neamhspleách a éascú chun a mheas an bhfuil saoráidí coinneála á riar i gcomhréir le ceanglais an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit rochtain gan bhac a thabhairt don Choiste chun Céastóireacht agus Cóireáil nó Pionós Mídhaonna nó Táireach a Chosc agus don líonra Sásraí Náisiúnta Coisctheacha.

(80) Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar shaoráidí coinneála a dheonú do pharlaiminteoirí náisiúnta agus moltar dóibh rochtain den chineál céanna a thabhairt d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa.

(81) Ba cheart do na Ballstáit cuimhneamh freisin ar chuairteanna tráthrialta ar shaoráidí coinneála agus ar ionaid choinneála eile a eagrú do bhreithiúna, d'ionchúisitheoirí agus do dhlíodóirí cosanta mar chuid dá n-oiliúint bhreithiúnach.

Tá sásraí láidre cigireachta agus faireacháin lárnach don trédhearcacht, don chuntasacht agus don chosc ar dhrochíde.

Feidhmíonn go leor Ballstát creat trípháirteach de rialuithe inmheánacha agus seachtracha, chomh maith le rialuithe intíre agus idirnáisiúnta. Is iondúil go n-áirítear an méid seo a leanas sa chreat sin: (i) breithiúna, ionchúisitheoirí agus/nó cigireacht riarachán náisiúnta na bpríosún; (ii) an Aireacht Dlí agus Cirt mar an t-údarás maoirseachta is airde, ombudsman agus/nó gníomhaireachtaí agus coimisinéirí speisialaithe a bhfuil sé de chúram orthu príosúin a iniúchadh agus cearta na ndaoine atá á gcoinneáil a chosaint, agus (iii) comhaltáí den pharlaimint náisiúnta, agus an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc.

Mar riail ghinearálta, is lú an bhaint idir comhlacht maoirseachta ar leith agus an tseirbhís náisiúnta príosúin, is ea is dóchúla go gcuirfear a thorthaí ar fáil don phobal nó gur féidir é. Thuairiscigh beagnach gach Ballstát nach bhfuil aon srian ar an rochtain ar láithreáin agus ar dhoiciméid, go háirithe dóibh siúd atá ag gníomhú mar Shásraí Náisiúnta Coisctheacha. Luaigh roinnt Ballstát nach mór faisnéis íogair a láimhseáil faoi rún nó go bhféadfaí í a shrianadh ar chúiseanna na slándála náisiúnta, imscrúduithe leanúnacha, pribhléid leighis, etc. agus go bhféadfaí rochtain ar an láithreán a theorannú go sealadach freisin, go háirithe mura féidir sábháilteacht cuairteoirí a ráthú.

Nuair a fiafraíodh díobh an bhfuil aon chóras i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndearbhuithe a tugadh do na Ballstáit eile mar chuid d'imeachtaí an Bharántais Gabhála Eorpaigh, luaigh go leor Ballstát an faireachán ginearálta ar dhálaí coinneála agus dhearbhaigh cuid acu gurb iad na cúirteanna, an t-ionchúiseamh nó an Aireacht Dlí agus Cirt, etc. atá freagrach as sin. Níor thuairiscigh ach Ballstát amháin córas fíoraithe fíor-ama sofaisticiúil laistigh dá phríosúin lena ndéantar faireachán ar cé acu atá nó nach bhfuil dearbhuithe á gcomhlíonadh agus lena n-eisítear foláirimh uathoibrithe nuair nach bhfuil. An tráth céanna, seiceáiltear leis go gníomhach ar tugadh dearbhuithe maidir le teachtaithe úra agus úsáidtear cillíní sonracha chun neamhchomhlíonadh a sheachaint.

Treochtaí foriomlána

Tá creataí cigireachta agus faireacháin cuimsitheach ar fud na ndlínsí, cé nach ionann an cur chun feidhme. Tá maoirseacht neamhspleách institiúidithe go forleathan, agus tá ról gníomhach ag comhlachtaí seachtracha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar dhálaí. Tá éagsúlacht ó thaobh éifeachtachta de sna sásraí tuairiscithe agus leantacha.

18. Bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar an radacú i bpríosúin

(82) Moltar do na Ballstáit measúnú riosca tosaigh a dhéanamh chun an córas coinneála iomchuí is infheidhme a chinneadh maidir le daoine atá faoi dhrochamhras nó atá ciontaithe i gcionta sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha.

(83) Bunaithe ar an measúnú riosca seo, féadfar na daoine atá á gcoinneáil seo a chur le chéile i sciathán sceimhlitheoireachta ar leith nó iad a scaipeadh i measc an ghnáthphobail phríosúin. Sa chás deireanach sin, ba cheart do na Ballstáit cosc a chur ar dhaoine aonair den sórt sin teagmháil dhíreach a bheith acu le daoine atá á gcoinneáil i gcásanna lena mbaineann leochaileacht áirithe maidir le coinneáil.

(84) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh lucht riaracháin na bpríosún tuilleadh measúnuithe riosca ar bhonn tráthrialta (ag tús na coinneála, le linn na coinneála agus sula scaoilfear saor daoine atá faoi dhrochamhras nó atá ciontaithe i gcionta sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha).

(85) Spreagtar na Ballstáit chun oiliúint feasachta ghinearálta a sholáthar do gach ball foirne, agus oiliúint a sholáthar do bhaill foirne speisialaithe, chun comharthaí radacaítear a aithint go luath. Ba cheart do na Ballstáit smaoineamh freisin ar líon iomchuí séiplíneach príosúin dea-oilte a chur ar fáil chun freastal ar reiligiúin éagsúla.

(86) Ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun feidhme lena bhforálfar do chlár don athshlánú, don díradacú agus don dícheangal i bpríosún, mar ullmhúchán don scaoileadh saor, agus do chlár tar éis a scaoilte chun ath-imeascadh na ndaoine arna gcoinneáil arna gciontú i gcionta sceimhlitheoireachta agus i gcionta antoisceacha foréigneacha a chur chun cinn.

Is príomhthosaíochtaí ar fud na gcóras coinneála iad an radacú a chosc agus tacú leis an díscor. Baineann na Ballstáit úsáid as straitéisí éagsúla ina bhfuil measúnú riosca, idirghabhálacha speisialaithe, oiliúint foirne agus comhar idirghníomhaireachta.

Thuairiscigh formhór na mBallstát gur cuireadh roinnt beart sonrach ar a laghad, agus roinnt mhaith díobh go minic, i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an radacú i bpríosúin. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nár chuir na Ballstáit uile na bearta céanna chun feidhme ar an mbealach céanna. Sampla amháin a luaitear go minic is ea go n-úsáidtear uirlisí measúnaithe riosca go forleathan chun daoine aonair atá i mbaol radacaithe nó a léiríonn idé-eolaíochtaí antoisceacha a shainaithint.

Oibríonn roinnt dlínsí aonaid nó bardaí speisialaithe atá tiomnaithe do dhaoine aonair a mheastar a bhfuil rioscaí radacaithe ag baint leo. Le córais eile, seachnaítear leithscaradh

fisiceach chun cruthú líonraí antoisceacha a chosc, agus ina ionad sin beartaítear daoine atá á gcoinneáil a imeascadh le pobal ginearálta an phríosúin.

Tá cláir dhíradacaithe agus dhíscoir ar fáil go forleathan sna Ballstáit freisin, chomh maith le dul in iontaoibh comhar ilghníomhaireachta le gníomhaireachtaí slándála náisiúnta, údaráis phóilíneachta, seirbhísí promhaidh agus eagraíochtaí pobail chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine aonair sula scaoiltear saor iad agus ina dhiaidh sin.

Tá raon san oiliúint foirne ó fhorbairt ghairmiúil ‘bhunúsach’, leanúnach agus fhorásach go cláir fhairsinge atá ceaptha chun eolas agus scileanna fóna, cothrom le dáta a thabhairt maidir le straitéisí measúnaithe, coisc agus idirghabhála radacaithe.

Treochtaí foriomlána

Ar fud na mBallstát, is iomaí sin straitéis atá ann chun an radacú a chosc, amhail measúnú riosca, idirghabhálacha speisialaithe agus comhar ildisciplíneach. Braitheann roinnt Ballstát ar an leithscaradh, agus tugann Ballstáit eile tús áite d’imeascadh le pobal ginearálta an phríosúin. D’ainneoin roinnt difríochtaí i leibhéal na hoiliúna foirne, tá comhordú idirghníomhaireachta dea-fhorbartha go ginearálta.

Conclúidí, dea-chleachtais agus an bealach chun cinn

Conclúidí foriomlána

Léirítear sa mheasúnú comparáideach ar choinneáil réamhthrialach agus ar na dálaí coinneála ábhartha go bhfuil creat dlíthiúil curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit lena léirítear go ginearálta caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta. Ar fud an dá réimse, áfach, tá bearna athfhillteach idir an dlí agus an cleachtas.

I réimse na coinneála réamhthrialach, cumhdaítear i bhformhór na gcóras an prionsabal nach mór cailleadh saoirse roimh thriail a bheith eisceachtúil, agus faoi réir tástálacha riachtanais agus comhréireachta. Tá réimse leathan de roghanna malartacha ar fáil, ach ní bhaintear dóthain úsáide fós as na bearta sin. D’ainneoin go n-aithnítear go foirmiúil oibleagáidí tuairiscithe, bannaí, faireachán leictreonach agus srianta cónaithe, is minic a bhíonn cúirteanna ag brath ar bhearta coinneála. Laghdaítear éifeachtacht roghanna malartacha le bacainní amhail easpa iontaobhais, ganntanas acmhainní, agus srianta teicniúla, agus ní bhaintear dóthain úsáide fós as ionstraimí trasteorann, amhail an tOrdú Maoirseachta Eorpach. Is coimirce chomhsheasmhach é an ceanglas maidir le hamhras réasúnach, ach tá éagsúlacht ann maidir lena shainmhíniú agus lena thairseach, rud a fhágann go bhfuil difríochtaí sa chosaint ar fud dlínsí.

Is iondúil go mbíonn sé d’oibleagáid ar chúirteanna réasúnaíocht a sholáthar le haghaidh cinntí maidir le coinneáil réamhthrialach, ach tá cáilíocht na réasúnaíochta sin míchothrom, agus i gcásanna áirithe tá sí fós cineálach nó foirmleach. Tá athbhreithnithe tréimhsiúla coitianta sa dlí freisin, ach ní ráthaítear a n-éifeachtacht i gcónaí, rud a fhágann go bhfuil rioscaí ann go ndéanfaí foirmiúlacht d’athbhreithnithe den sórt sin. Aithnítear an ceart chun éisteacht a fháil roimh choinneáil réamhthrialach beagnach go huilíoch, ach is ábhair imní fós iad rochtain ar cháschomhaid agus cosaint rúndachta - go háirithe in éisteachtaí físchomhdhála. Tá leigheasanna agus achomhairc ar fáil, ach tá éagsúlachtaí móra idir spriocdhátaí, soiléireacht rialacha agus éifeachtacht phraiticiúil. Tá uastréimhsí le haghaidh coinneáil réamhthrialach i bhfeidhm i roinnt mhaith Ballstát, ach is dúshlán athfhillteach fós é coinneáil fhadtéarmach i gcásanna casta. Is coimirce nach mór uilíoch é am a chuirtear isteach i gcoinneáil réamhthrialach a asbhaint ó phianbhreitheanna deiridh, ach tá rialacha maidir le cúiteamh i gcásanna éigionaithe fós míchothrom. D’ainneoin thrasúí an Chinnidh Réime maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach i ngach Ballstát, is beag cur i bhfeidhm praiticiúil a bhaineann leis. Mar thoradh air sin, is minic a fhanann daoine eachtracha faoi dhrochamhras faoi choinneáil réamhthrialach fiú i gcás ina bhféadfaí maoirseacht choibhéiseach a shocrú ina mBallstát baile.

Maidir le dálaí ábhartha, tá íoschaighdeáin chóiríochta bunaithe go forleathan, go háirithe maidir le spás pearsanta agus rochtain ar shaoráidí bunúsacha. Mar sin féin, baineann an plódú an bhonn den chomhlíonadh fós, rud a fhágann go mbíonn go leor daoine faoi choinneáil i gcúinsí atá faoi bhun tagarmharcanna idirnáisiúnta. Tá sé d’aidhm ghinearálta do bheartais leithdháilte daoine atá á gcoinneáil a roinnt de réir stádas dlíthiúil, inscne agus aoise, ach cuireann srianta acmhainneachta teorainn le cur chun feidhme docht. Ráthaítear caighdeáin sláinteachais agus sláintíochta, cé go mbíonn príobháideachas, rochtain ar uisce te, agus rialú

lotnaidí fós lag. Cinntítear cothú den chuid is mó, ach bíonn éagothromaíochtaí i mbuiséid ina gcúis le cáilíocht éagothrom na n-aistí bia ar fud na saoráidí.

Ráthaítear am lasmuigh de chillíní agus gníomhaíocht laethúil amuigh faoin aer, ach tá éagsúlacht mhór sa chleachtas iarbhir. Tá deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí fiúntacha amhail obair, oideachas agus gairmoiliúint ar fáil ach cuirtear chun feidhme go míchothrom iad, go háirithe i gcás daoine faoi choinneáil roimh an triail. Ráthaítear soláthar cúraim sláinte go forleathan, ach tá bearnaí fós ann maidir le tacaíocht mheabhairshláinte, féinmharú a chosc agus andúil a chóireáil. Tá prótacail ann, ach is saincheisteanna práinneacha fós iad féinmharú agus féindochar. Tá iarrachtaí i bhfeidhm chun foréigean agus drochíde a chosc, lena n-áirítear faireachas agus oiliúint foirne, ach lagaítear an mhaoirseacht le bailiú agus tuairisciú neamhréireach sonraí.

Tá cearta bunaithe go daingean chun teagmháil a dhéanamh leis an saol lasmuigh agus chun cúnamh dlí a fháil. Urramaítear cuairteanna teaghlaigh, comhfhreagras agus cearta cosanta dlíthiúla den chuid is mó, agus tá nuálaíochtaí amhail fisghlaonna agus socrúithe cuairte atá fabhrach do leanaí ag dul chun cinn. Mar sin féin, bíonn deiseanna cumarsáide digití fós teoranta, go háirithe i gcás náisiúnaigh eachtracha. Tá sásraí gearáin seanbhunaithe agus comhlánaithe ag comhlachtaí faireacháin neamhspleacha, ach tá éagsúlacht mhór ann maidir le freagrúlacht, minicíocht cigireachtaí agus obair leantach ar mholtaí.

Aithnítear coimircí speisialta do ghrúpaí leochaileacha go forleathan - amhail mná, leanaí, náisiúnaigh eachtracha, daoine faoi mhíchumas, agus daoine eile a bhfuil riachtanais shonracha acu. Áirítear orthu sin cúram sláinte atá íogair ó thaobh inscne de, oideachas a bhaineann go sonrach le leanaí, seirbhísí ateangaireachta agus bonneagar inrochtana. Mar sin féin, cuirtear srian ar a gcur chun feidhme comhsheasmhach de bharr saoráidí atá as dáta, plódaithe agus acmhainní míchothroma. Tá aonaid agus cláir shaincheaptha ann i roinnt áiteanna ach tá siad i bhfad ó bheith uilíoch.

I dteannta a chéile, léiríonn na torthaí sin go bhfuil creat dlíthiúil sách láidir curtha ar fáil ag formhór na mBallstát le haghaidh cearta nós imeachta i gcoinneáil réamhthrialach agus i ndálaí ábhartha coinneála araon. Mar sin féin, tá bearnaí leanúnacha praiticiúla sa chur chun feidhme fós ag baint an bhoinn de na caighdeáin sin. Leis na dúshlán athfhillteacha a bhaineann le plódú, tearcúsáid roghanna malartacha ar choinneáil, laigí bonneagair agus cosaint mhíchothrom do ghrúpaí leochaileacha, cuirtear i dtábhacht an gá atá le hiarrachtaí breise chun a áirithiú go dtabharfar urraim iomlán do chearta sa chleachtas.

Dea-chleachtais

D'ainneoin na héagsúlachta leithne i mbonneagar, acmhainní agus traidisiúin dhlíthiúla, tá **dea-chleachtais** forbartha ag go leor dlínsí lena neartaítear coimircí nós imeachta maidir le coinneáil réamhthrialach agus lena bhfeabhsaítear dálaí coinneála. Is féidir leis na cleachtais sin tacú freisin le hathshlánú sóisialta na ndaoine atá á gcoinneáil agus a bheith ina samplaí de chur chun feidhme níos leithne.

Maidir le **cearta nós imeachta i gcoinneáil réamhthrialach**, is féidir na dea-chleachtais seo a leanas a leanas a shainaithint.

- Tá ceanglais reachtúla mhionsonraithe glactha ag roinnt Ballstát lena gcuirtear d'oibleagáid ar bhreithiúna réasúnaíocht shainráite phearsantaithe a sholáthar agus iad ag ordú nó ag cur síneadh leis an gcoinneáil. Áirítear leis sin anailís ar thosca riosca, measúnuithe comhréireachta agus mínithe sainráite ar an bhfáth a meastar nach leordhóthanach roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach (amhail maoirseacht, dualgais tuairiscithe nó faireachán leictreonach). Le hoibleagáid den sórt sin réasúnaíocht phearsantaithe a sholáthar, méadaítear trédhearcacht agus cruthaítear coimircí níos láidre i gcoinne coinneáil réamhthrialach iomarcach nó threallach.
- Áirítear ar na dea-chleachtais úsáid tréimhsí coinneála gearra neamh-inathnuaithe lena n-éilítear athbhreithniú breithiúnach minic. Cuireann éisteachtaí uathoibríocha cosc ar choinneáil fhada gan mhaoirseacht agus áirithítear leo meastóireacht leanúnach ar dhul chun cinn, riosca agus comhréireacht cásanna. I roinnt córas, ní mór do chúirteanna níos airde coinneáil fhadaíthe a údarú, rud a sholáthraíonn sraith bhreise grinnscrúdaithe.
- Cuidíonn ardchórais dhigiteacha lena rianaítear spriocdhátaí níos imeachta, teorainneacha ama coinneála agus athbhreithnithe sceidealaithe le síntí neamhdhleathacha ar choinneáil réamhthrialach a chosc. Tacaíonn foláirimh uathoibríthe do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí le gníomhaíocht thráthúil agus le hearráidí riaracháin a laghdú. Bíonn na córais sin éifeachtach go háirithe i gcásanna ina mbíonn líon mór cásanna ann.
- Áirithíonn roinnt Ballstát go gceaptar dlíodóirí cosanta go huathoibríoch (seachas arna iarraidh sin), gan beann ar acmhainní airgeadais an duine atá faoi dhrochamhras nó an chúisí, a luaithe a bhaintear an tsaoirse den duine sin. Áirithítear leis sin go dtairbhíonn daoine atá á gcoinneáil de rochtain thapa ar chomhairle dlí le linn na tréimhse coinneála réamhthrialáí, trí rannpháirtíocht abhcóide cosanta i ngníomhartha imscrúdaitheacha luatha, agus ionadaíocht éifeachtach ag éisteachtaí coinneála réamhthrialach, mar shampla.
- Na Ballstáit a bhfuil córas níos láraithe acu chun Orduithe Maoirseachta Eorpacha a eisiúint agus a fhorghníomhú, baineann siad úsáid níos minice as an ionstraim sin. Le cur chuige níos láraithe, is féidir leo líonraí agus saineolas a fhorbairt maidir leis na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar bhearta maoirseachta, mar rogha mhalartach ar choinneáil réamhthrialach i mBallstáit eile.

Maidir le **dálaí coinneála ábhartha**, is féidir na dea-chleachtais seo a leanas a shainiú.

- Tá córais bunaithe ar TF tugtha isteach ag roinnt Ballstát lena rianaítear leibhéal áitíochta agus lena gcuirtear cosc uathoibríoch ar shaoráidí an acmhainneacht a shárú. Tacaíonn na huirlisí sin le leithdháileadh cothrom na ndaoine atá á gcoinneáil ar fud saoráidí agus éascaíonn siad comhlíonadh na n-íoscheanglas spáis. Cuidíonn faireachán fíor-ama freisin le córais riaracháin aistrithe a phleanáil chun plódú a sheachaint.
- Is dea-chleachtais i bhforbairt bonneagair iad príosúin nua atá deartha le solas nádúrtha feabhsaithe, aeráil agus rialuithe comhshaoil. Is minic a chuimsítear leis na saoráidí sin córais atá tíosach ar fhuinneamh, cóiríocht aonchillín agus inrochtaineacht níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas atá á gcoinneáil.
- Cuireann roinnt Ballstát oiliúint ar bhaill foirne i gcuir chuige dhinimiciúla slándála lena gcuirtear béim ar chumarsáid, cothú muiníne, coinbhleachtaí a chosc agus idirghníomhaíocht laethúil le daoine atá á gcoinneáil. Leis an gcur chuige sin, laghdaítear an spleáchas ar shrianta fisiciúla agus ar leithlisí agus feabhsaítear an tsábháilteacht fhoriomlán. Le modúil oiliúna speisialaithe maidir le meabhairshláinte,

cumarsáid idirchultúrtha agus cúram atá bunaithe ar thráma, neartaítear acmhainneacht na foirne a thuilleadh.

- Déanann roinnt Ballstát scagthástálacha leighis ildisciplíneacha ar an bpointe boise ar theacht isteach do na daoine atá á gcoinneáil, lena n-áirítear measúnuithe síceolaíocha, meastóireachtaí andúile agus tástáil ar ghalair thógálacha. Trí leochaileachtaí a bhrath go luath, is féidir idirghabhálacha tapa a dhéanamh agus laghdaítear an baol go dtiocfaidh meath orthu.
- Is dea-chleachtas iad aonaid thiomnaithe mheabhairshláinte ina bhfuil síciatraithe, síceolaithe agus altraí speisialaithe ar an bhfoireann. Soláthraíonn na haonaid sin teiripe struchtúrtha, idirghabháil ghéarchéime, bainistiú cógas agus cóireáil fhadtéarmach do dhaoine atá á gcoinneáil a bhfuil riachtanais chasta mheabhairshláinte acu. Laghdaíonn siad an spleáchas ar ghaibhniú aonair do dhaoine aonair atá i rith géarchéime agus feabhsaíonn siad leanúnachas an chúraim.
- Baineann roinnt Ballstát úsáid as creataí cuimsitheacha chun foréigean a chosc ina bhfuil oiliúint foirne, bailiú faisnéise, cláir idirghabhála coinbhleachta agus idirghabhálacha spriocdhírithe do dhaoine aonair ardriosca. Cuidíonn straitéisí den sórt sin an foréigean a laghdú a dhéanann daoine faoi choinneáil ar a chéile agus an foréigean a dhéanann daoine faoi choinneáil ar fhoireann an phríosúin araon.
- Áirítear ar na dea-chleachtais taifeadadh láraithe mionsonraithe ar gach teagmhas ina úsáidtear forneart, scrúduithe leighis sainordaitheacha tar éis aon úsáid fornirt agus formhaoirseacht neamhspleách ar athbhreithnithe ar theagmhais.
- Áiríthíonn córais phríosúin éifeachtacha go bhfaigheann gach duine atá á choinneáil plean pearsantaithe lena dtugtar aghaidh ar oideachas, obair, riachtanais sláinte, tacaíocht shíceolaíoch agus spriocanna ath-imeasctha. Déantar pleananna a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta le hionchur ó fhoirne ildisciplíneacha, lena n-áirítear seirbhísí promhaidh.
- Le comhpháirtíochtaí le cuideachtaí príobháideacha agus le heagraíochtaí mhargadh an tsaothair tugtar cáilíochtaí gairmiúla agus fíorthaithí oibre do dhaoine atá á gcoinneáil. Cuireann na deiseanna sin feabhas mór ar ionchais fostaíochta iarscaoilte.
- Is dea-chleachtas é rochtain rialaithe ar uirlisí foghlama digiteacha - amhail táibléid a bhfuil rochtain theoranta ar an idirlíon acu, ríomhleabharlanna nó cúrsaí creidiúnaithe ar líne. Cuireann na huirlisí sin feabhas ar dheiseanna oideachais do dhaoine atá á gcoinneáil, go háirithe leanaí agus aosaigh óga.
- Le seomraí cuairte speisialaithe, cláir thuismitheoireachta agus cuairteanna fadaithe do dhaoine atá á gcoinneáil a bhfuil leanaí óga acu, cuirtear cobhsaíocht agus folláine teaghlaigh chun cinn. Cuidíonn cleachtais den sórt sin le caidrimh dhearfacha a choinneáil ar bun agus tacaíonn siad le hath-imeascadh.
- Trí chuairteanna pearsanta a chomhcheangal le fisghlaonna, córais teachtaireachtaí digiteacha agus rochtain ríomhphoist a ndéantar faireachán uirthi, leathnaítear roghanna cumarsáide agus laghdaítear leithlisiú - go háirithe i gcás daoine faoi choinneáil atá ó réigiúin i bhfad i gcéin nó iad siúd a bhfuil srianta soghluaisteachta orthu.
- Cruthaíonn aonaid ar leithligh nó seirbhísí tacaíochta saincheaptha do ghrúpaí leochaileacha timpeallachtaí níos sábháilte agus cuireann siad idirghabhálacha spriocdhírithe ar fáil. Áirítear ar na samplaí aonaid mháthairpháiste, bardaí óige a bhfuil seirbhísí oideachais níos fairsinge acu, agus saoráidí tiomnaithe do dhaoine scothaosta atá á gcoinneáil.

- Áirítear ar na dea-chleachtais rochtain neamhsrionta a cheadú ar gach limistéar, gach duine atá á gcoinneáil agus gach taifead do chomhlachtaí náisiúnta faireacháin príosúin, agus cigireachtaí tráthrialta gan réamhfhógra a áirithiú.
- Éilíonn roinnt Ballstát pleananna gníomhaíochta foirmiúla mar fhreagairt ar thorthaí cigireachta agus déanann siad sásraí leantacha a institiúidiú chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Neartaíonn sé sin cuntasacht agus spreagann sé iarrachtaí athchóirithe.

An bealach chun cinn

Is é an **bealach chun cinn** an dul chun cinn atá déanta ar an leibhéal dlíthiúil a chomhdhlúthú agus an bhearna idir na caighdeáin agus an réaltacht laethúil ar an láthair a dhúnadh an tráth céanna.

A mhéid a bhaineann le **coinneáil réamhthrialach**, tá creataí dlíthiúla náisiúnta comhlíontach ar an iomlán, ach sa chleachtas baintear úsáid iomarcach as coinneáil réamhthrialach fós san Aontas. Ba cheart prionsabal na coinneála réamhthrialaí mar rogha dheiridh a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí. Ba cheart réasúnaíocht phearsantaithe a áireamh i gcinntí lena bhforchuirtear coinneáil réamhthrialach i gcónaí chun comhréireacht a áirithiú agus ba cheart roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach, lena n-áirítear an tOrdú Maoirseachta Eorpach (Cinneadh Réime 2009/829/CGB), a chur i bhfeidhm ar bhealach níos córasaí.

A mhéid a bhaineann le **dálaí coinneála ábhartha**, ní hamháin go n-éilítear infheistíocht i mbonneagar chun aghaidh a thabhairt ar phlódú, ach éilítear athchóirithe struchtúracha freisin maidir le beartas pianbhreithe agus ní mór brath níos mó ar smachtbhannaí malartacha. Trí sholáthar cúraim sláinte a neartú, go háirithe maidir leis an meabhairshláinte, féinmharú a chosc agus cóireáil andúile, cuirfear feabhas ar thorthaí maidir le hionchais choinneála agus athimeasctha araon tar éis an scaoilte. Tá sé chomh ríthábhachtach céanna rochtain ar oideachas, ar ghairmoiliúint agus ar obair fhiúntach a leathnú, lena n-áirítear go dtacóidh an choinneáil leis an athshlánú seachas an baol go ndéanfar athchiontú a mhéadú.

Ní mór coimircí do ghrúpaí leochaileacha a aistriú ina gcleachtas comhsheasmhach, trí chórais atá íogair ó thaobh inscne de, saoraidí atá oiriúnach do leanaí, bonneagar inrochtana agus seirbhísí speisialaithe saincheaptha do riachtanais aonair. Ba cheart úsáid uirlisí digiteacha chun gearáin, faireachán agus teagmháil leis an saol lasmuigh a éascú a leathnú chun inrochtaineacht agus trédhearcacht a mhéadú.

Ní mór **sásraí faireacháin** príosúin a neartú freisin trí acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do chomhlachtaí faireacháin neamhspleácha agus trína gcumhachtú chun a áirithiú go dtiocfaidh feabhsuithe nithiúla as a moltaí.

Trí dhúshlán shistéamacha a shainaitheint agus aird a tharraingt ar dhea-chleachtais, rannchuidítear sa tuarascáil seo le hiarrachtaí leanúnacha feabhas a chur ar chomhlíonadh an Mholta maidir le Coinneáil agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Is é is cuspóir dó fianaise a chur ar fáil chun beartais a phlé agus bunús na muiníne frithpháirtí a neartú. A áirithiú go n-úsáidtear coinneáil réamhthrialach mar rogha dheireanach agus go n-urramaítear dínit an duine le dálaí ábhartha coinneála; ní hamháin go mbaineann sé sin le cearta an duine aonair, ach tá sé fíorriachtanach freisin d'fheidhmiú éifeachtach an Bharántais Gabhála Eorpaigh agus, ar bhonn níos leithne, d'inchreidteacht an chomhair bhreithiúnaigh san Aontas.

Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún d'fheabhas a chur ar fhaisnéis a chomhroinnt maidir le dálaí coinneála i mBallstáit an Aontais. Chun na críche sin, forbróidh sé, i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa, **bileoga eolais tíortha** ina leagfar amach staid na coinneála i ngach Ballstát.

Tá plé ar siúl freisin maidir leis an gcaoi ina bhféadfaí comhlachtaí faireacháin príosúin an Aontais **an ceistneoir a forbraíodh don tuarascáil seo a úsáid** chun comhsheasmhacht i gcleachtais faireacháin ar fud an Aontais a mhéadú.

Tabharfar tosaíocht freisin do **ghníomhaíochtaí oiliúna** maidir le cur chun feidhme an Mholta. Déantar tagairt sa chomhthéacs sin do Threoir 2025 maidir le Sásraí Náisiúnta Coisctheacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta maidir le Coinneáil, mar a forbraíodh faoin tionscadal comhpháirteach idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa <https://www.coe.int/en/web/implementation/european-npm-forum>.